AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta



OIDEACHAS | FOGHLAIM | COTHROMAS | AOSAIGH | SCRÚDUITHE FEADH SAOIL | CAIGHDEÁN

Tuarascáil Bhliantúil
2001

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Tuarascáil Bhliantúil 2001

Tuarascáil bhliantúil

Misean

Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta soláthar a dhéanamh d'oideachas ar ard-chaighdeán a chuirfidh:

- Ar chumas dhaoine aonair a mbarr maitheasa a bhaint amach agus a bheith rannpháirteach go hiomlán mar bhaill den tsochaí agus
- Cur le forbairt eacnamaíochta, chultúrtha agus shóisialta na hÉireann.

Spriocanna Ard-Leibhéil

Is iad seo a leanas spriocanna ard-leibhéil na Roinne:

- Cothromas agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn
- Torthaí ardchaighdeáin a chur chun cinn
- Foghlaim feadh saoil a chur chun cinn
- Oideachas atá bainteach le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta a phleanáil
- Cur le cumas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ó thaobh sheachadadh seirbhíse, cheapadh polasaí, taighde agus measúnacht.

Gníomhaíochtaí

I dtaca lena spriocanna ard-leibhéil tá an Roinn páirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Pleanáil agus athbhreithniú polasaí
- Dearbhú Cáilíochta
- Leithhroinnt acmhainní daonna agus airgeadais
- Infrastruchtúr oideachais a phleanáil agus a sholáthar
- Riarachán Scrúduithe
- Feidhmeanna oibríochtúla agus feidhmitheacha ar mhórscála a riaradh
- Comhchomhairle agus tacaíocht do bhainistíocht agus don fhoireann oideachais

Clár

Réamhrá an Aire 2

Ráiteas ón Ard-Rúnaí 3

Eochairstaitisticí Oideachais 4

Fócas – Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí 8

Príomhfhorbairtí sa bhliain 2001 10

- Cothroime agus Uilechuimsitheacht
- Torthaí Ardchaighdeáin
- Foghlaim Shaoil
- Forbairtí Eagrúcháin

Fócas - An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 36

Aguisíní 38

- Reachtaíocht
- Foilseacháin
- Cairt Eagrúcháin
- Foilseacháin 2001
- Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne
- Uimhreacha teagmhála

Uimhir PN: 12425

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2001
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
An tAonad Bainistíochta Athraithe,
Sráid Maoilbhríde, BÁC 1.
Teil: (01) 873 4700

Nollaig 2002

Réamhrá ón Aire

Tá an-áthas orm glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil seo a d'ullmhaigh mo Roinn faoi théarmaí an Acht Um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

Ón uair a ghlac mé chugam cúram an Aire Oideachais agus Eolaíochta i mbliana tá réimse agus éagsúlacht fhreagrachtaí na Roinne agus dúthracht a foirne maidir le cúrsaí oideachais sa tír seo tar éis dul i bhfeidhm orm go mór. Tá na tosca seo le feiceáil go soiléir sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Ní hamháin go bhfaightear cuntas ar an dul chun cinn suntasach atá déanta i dtaca le réimse mór ábhar sa tuarascáil seo, ach cuirtear ina luí orainn go bhfuil dúshláin mhóra le sárú ag an Roinn amach anseo. Tá mé ag súil le ráiteas nua straitéise a cheapadh gan rómhoill agus leis an Roinn a stiúradh chun tabhairt faoi na dúshláin shuntasacha atá os a comhair, agus le leanúint ar aghaidh le hathstruchtúrú na Roinne chun leas mhuintir na hÉireann.

Nollaig Ó Díomsaigh T.D.,
Aire Oideachais agus Eolaíochta

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don bhliain 2001 ar fheidhmiú a Ráiteas Straitéise a sholáthar. Is é príomhfheidhm na tuarascála seo ná léiriú agus achoimriú a dhéanamh ar a bhfuil curtha i gcrích ag an Roinn le linn na bliana seo caite ó thaobh spriocanna agus cuspóirí de.

Cé go bhfuil cuid mhór bainte amach le blianta beaga anuas, beidh tuilleadh dúshlán agus deiseanna ann san am atá le teacht. Leis na riachtanais éagsúla sa chóras oideachais a riar, i ngach earnáil, tá clár oibre uaillmhianach le haghaidh gníomhaíochta nuálaí agus athchóirithe leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne, rud atá fréamhaithe i dtosaíochtaí polasaí an Rialtais.

Creidim go n-éireoidh linn freastal ar na dúshláin seo.

Tugann foilsiú na tuarascála seo deis dúinn aitheantas a thabhairt do dhúthracht agus diansaothar fhoireann na Roinne. Is mór mo mheas ar an ardchaighdeán atá bainte amach acu agus is mian liom buíochas a ghabháil leo as ucht a gcuid iarrachtaí.

Seán Ó Duinneacha

Seán Ó Duinneacha
Ard-Rúnaí

Eochairstaitisticí Oideachais

An líon mac léinn lánaimseartha in institiúidí cúnta de réir leibhéal 1990/1991.



An líon mac léinn lánaimseartha in institiúidí cúnta de réir leibhéal 2000/2001



Rollaithe lánaimseartha ag tríú leibhéal, 1999-2001



Caiteachas ar Oideachas agus Ábhar Bainteach Leis

Céad Leibhéal



Dara Leibhéal



Tríú Leibhéal



Mar a chaitear an t-airgead

Sa bhliain 2001, cuireadh maoiniú de €4.7 billiún ar fáil don earnáil oideachais. Is i gcomhair trí chlár mhóra oideachais atá an maoiniú seo go príomha .i. An Chéad, an Dara agus an Tríú Leibhéal. Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do roinnt clár eile atá níos lú agus nach mbaineann le seirbhísí scoile. Is imeachtaí cultúrtha agus imeachtaí don óige iad seo den chuid is mó.

Seo a leanas achoimre ar na príomhchláir chaiteachais sa bhliain 2001 curtha i gcomparáid leis an mbliain 2000

An Chéad Leibhéal

000 anna

	2000 Méid € euro	**2001 Meastachán € euro**
Tuarastail agus Aoisliúntas	1,080,118	**1,229,716**
Deontais agus Seirbhísí	149,914	**117,118**
Iompar Scoile	32,541	**34,975**
Caiteachas Caipitil	137,666	**145,586**
Pá Roinne agus Forchostais eile	15,853	**21,503**
Iomlán	1,416,092	**1,548,898**

An Dara Leibhéal

	2000 Méid € euro	**2001 Meastachán € euro**
Tuarastail agus Aoisliúntas	1,152,836	**1,322,967**
Deontais agus Seirbhísí	251,063	**283,802**
Iompar Scoile	32,541	**34,975**
Caiteachas Caipitil	186,858	**179,197**
Pá Roinne agus Forchostais eile	21,657	**27,762**
Iomlán	1,644,955	**1,848,703**

Tríú Leibhéal

	2000 Méid € euro	**2001 Meastachán € euro**
Tuarastail	558,868	**629,870**
Deontais agus Seirbhísí	243,308	**292,939**
Tacaíocht do Mhic Léinn	142,123	**166,014**
Caiteachas Caipitil	188,051	**173,628**
Pá Roinne agus Forchostais eile	3,963	**4,895**
Iomlán	1,136,313	**1,267,346**

Fócas

Fócas – 'Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí trí Dhul i nGleic leis an Míbhuntáiste'

Réamhrá

Seoladh an clár 'Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí trí Dhul i nGleic leis an Míbhuntáiste' (GCEB) i mí Eanáir 2001. Cosnóidh GCEB, a bheidh ar siúl ar feadh tréimhse trí bliana, timpeall €33 milliún. Tá sé ina chuid lárnach de straitéis na Roinne idirdhealú dearfach a dhéanamh i bhfabhar leanaí atá i mbaol teipe ar scoil nó atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. Díríonn GCEB acmhainní go sonrach ar dhaltaí bunscoile a thagann ó chúlraí mhíbhuntáistiúla.

Thug suirbhé a rinne an Lárionad um Thaighde Oideachasúil bunús oibiachtúil le breis acmhainní a dhíriú ar na daltaí is mó atá ina ngá. Is é seo an suirbhé is cuimsithí a rinneadh riamh ar an míbhuntáiste oideachasúil i mbunscoileanna. San am i láthair tá 2,133 bunscoil ag baint tairbhe as GCEB.

Aidhmeanna an GCEB

Is é aidhm ghinearálta an GCEB ná tacaíocht a thabhairt do leanaí agus dá dteaghlaigh taobh istigh de chomhthéacs an phobail le gníomhaíochtaí coisctheacha agus tacúla. Ba chóir don aidhm seo cur le dhá phríomhaidhm Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine an Rialtais, is é sin, leibhéal na lithearthachta agus na huimhearthachta a ardú agus na leibhéil choimeádta a fheabhsú.

Mar chuid den GCEB déantar athbhreithniú ar na hacmhainní airgeadais agus pearsanra atá ar fáil sna scoileanna agus i limistéir na scoileanna. Ina theannta sin déantar comhordú, ag leibhéal na scoile, ar thionscnaimh reatha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun an míbhuntáiste oideachasúil a mhaolú, ionas gur féidir an tairbhe is mó a bhaint as na hacmhainní seo do leanaí.

Príomhghnéithe an GCEB

Ní mar a chéile a phléitear le ceantair uirbeacha / bailte agus ceantair tuaithe sa GCEB. Roghnaíodh scoileanna i gceantair uirbeacha / bailte le daonra de bhreis is 1,500 ina raibh an líon is mó daltaí 'i mbaol'. Soláthraíodh an oiread post breise múinteoireachta dóibh is a chuirfeadh ar a gcumas ranganna de uasmhéid 20:1 a chur i bhfeidhm i ngach rang Naíonán agus Sóisear, agus de uasmhéid 29:1 sna Meánranganna agus ranganna na Sinsear. Tá foirniú breise tugtha do 203 scoil sa chuid uirbeach den GCEB

Tá seirbhísí múinteora / comhordaitheora , a oibreoidh i ngrúpaí de thrí nó ceithre scoil, curtha i leataobh do na scoileanna tuaithe ina bhfuil an líon is mó daltaí 'i mbaol'. Oibríonn an comhordaitheoir seo le daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí . Tá 318 scoil tuaithe san iomlán roghnaithe le dul isteach i 73 cnuasach.

Tá na scoileanna sin, nach féidir iad a chnuasú le scoileanna ardriachtanais eile, ag fáil tacaíocht airgeadais chuí mar mhalairt ar thacaíocht chomhordaitheora. Faigheann 73 scoil an tacaíocht seo.

Íoctar deontas speisialta per capita de €63.46 i leith daltaí faoi mhíbhuntáiste.Tugtar íocaíocht íosta de €952.30 do gach scoil. I gcás scoileanna atá ag fáil acmhainní breise cheana féin faoi Scéim na gCeantar Míbhuntáisteacha (DAS) nó / agus faoin Thionscadal Píolótach 'Briseadh an Timthrialla ', coimeádann siad siúd gach a bhfuil siad i dteideal faoi na scéimeanna sin.

Pleanáil Straitéiseach

Ní mór do gach scoil atá bainteach leis an GCEB na riachtanais phleanála, monatóireachta, tuairiscithe agus meastóireachta a chomhlíonadh. Iarrtar ar scoileanna Plean Straitéiseach a cheapadh ina mbeidh cur síos ar a ndéanfar chun tacú le daltaí agus chun iad a spreagadh le bheith rathúil. Ina theannta sin beidh ar bhaill foirne as gach scoil a bheith rannpháirteach sna tacaí forbartha inghairme.

Bearta faoin GCEG

Moltar na bearta seo a leanas faoin GCEB. Ba chóir iad a bheith nasctha go dlúth leis na struchtúir atá sa scoil cheana féin agus ba chóir iad a bheith imeasctha i ngach gné d'obair na scoile:

- Tá sé fíorthábhachtach go n-aithnítear daltaí atá i mbaol gan feidhmiú de reir a gcumas nó an scoil a fhágáil go luath.
- Ba chóir do scoileanna an tuiscint atá acu ar mhíbhuntáiste oideachasúil a fhorbairt agus modheolaíochtaí agus cleachtais nua a cheapadh chun teacht i gcabhair ar na daltaí atá i mbaol.
- Ba chóir do scoileanna tabhairt faoi bhearta chun tacú le tuismitheoirí agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí.
- Ba chóir do scoileanna bearta a cheapadh ionas gur féidir leis an bpobal a bheith rannpháirteach i dtacú le daltaí trí mheán gníomhaíochtaí inscoile agus seachscoile.
- Ba cheart próisis chomhoibrithe idirghníomhaireachta a fhorbairt ar bhonn áitiúil le struchtúir atá solúbtha agus sofhreagrach. Sa struchtúr áitiúil comhoibrithe ba chóir go mbeadh comhpháirtíocht idir an baile, an scoil agus seirbhísí tacaíochta áitiúla a phléann le cúrsaí sláinte, ceartas, gnóthaí teaghlaigh agus óige agus ceisteanna a bhaineann le forbairt an phobail.
- Ní mór do scoileanna a bheith rannpháirteach sa tacaíocht forbartha inghairme atá curtha ar fáil sa tionscnamh seo.
- Ní mór do scoileanna nósanna imeachta pleanála, bailithe mionsonraí, faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe an tionsnaimh a chomhlíonadh.

Lántairbhe a bhaint as an Chóimheas Laghdaithe Múinteoir le Dalta (PTR) sna Scoileanna roghnaithe Uirbeacha /i mBailte móra

Táthar ag súil go mbainfidh na daltaí tairbhe as bheith i rang le líon laghdaithe daltaí. Is féidir le ranganna íslithe mar seo a bheith an-éifeachtach sna luathbhlianta nuair a chuimsítear modhanna múinteoireachta, eagrú seomra ranga agus cláir curtha in oiriúint do riachtanais an dalta aonair, taobh istigh de phróiseas na múinteoireachta agus na foghlama. Cabhróidh na mionsonraí measúnaithe a bhaileofar nuair atá beathaisnéisí na ndaltaí á gcur i dtoll a chéile le forbairt cláir den chineál seo. Le laghdú i líon na ndaltaí sa rang is féidir le múinteoir príomhshrutha feidhm a bhaint as cur chuige agus modheolaíochtaí atá nuálach agus a dhéanfaidh freastal ar riachtanais an dalta.

Comhordaitheoirí sna Cnuasaigh Tuaithe

Oibríonn an comhordaitheoir le leanaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus ionadaithe ón phobal. Éascaíonn sé/sí ról na dtuismitheoirí i gcúrsaí foghlama a leanaí agus oibríonn sé/sí le leanaí le misneach a thabhairt dóibh ionas go bhforbróidh siad gnásanna dearfacha foghlama. Ina theannta sin tugann sé/sí tacaíocht agus comhairle do mhúinteoirí agus buaileann sé/sí le hionadaithe eagraíochtaí áitiúla agus pobail

2001 Príomhfhorbairtí

Comhionannas agus Uilechuimsitheacht

Torthaí Ardchaighdeáin

Foghlaim Shaoil

Forbairtí Eagrúcháin

Comhionannas agus Uilechuimsitheacht

Níl aon amhras ná go bhfuil ról lárnach ag an oideachas i gcur chun cinn comhionannais deiseanna. Aithnítear go bhfuil dlúthbhaint idir cáilíochtaí oideachasúla a fháil agus imthosca socheacnamaíocha, sa mhéid is gurb iad leanaí na mbocht an tromlach ina measc siúd nach mbaineann tairbhe as an gcóras oideachais. Tá baint nach beag idir drochghnóthachtáil oideachasúla agus an scoil a fhágáil go luath.

Is saincheist tosaíochta í i gcónaí tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachasúil nó an scoil a fhágáil go luath.

Straitéis: Dea-thoil Leanaí óga i leith na foghlama a chothú

Oideachas do Leanaí Óga

I Meán Fómhair 2001 de réir fhorálacha an Pháipéir Bháin 'Réidh Chun Foghlama' d'fhógair an Aire go mbunófaí Lárionad nua Um Fhorbairt agus Oideachas Leanaí Óga. Forbróidh an Lárionad, atá á bhainistiú i gcomhpháirt ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, creatlach náisiúnta ardchaighdeáin, lena n-áireofar trealamh agus bunábhair, cáilíochtaí foirne, modheolaíochtaí múinteoireachta agus foghlama, curaclam, treoir do thuismitheoirí agus ábhar eile bainteach leis. Ina theannta sin scrúdóidh agus forbróidh an Lárionad bealaí oiriúnacha idirghabhála agus tacaíochta do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus do leanaí atá faoi mhíchumas, ag tógáil ar thaithí clár atá ann cheana féin.

Tús Luath agus Tionscnaimh eile Réamhscoile

Is éard atá i gceist leis an gclár idirghabhála réamhscoile Tús Luath ná clár do na leanaí sin idir 3 bliana agus 4 bliana d'aois is mó atá i mbaol i gceantair ina bhfuil míbhuntáiste sóisialta. Tá sé á chur ar fáil ionas go bhfaighidh leanaí óga clár oideachais a chuirfidh lena bhforbairt i gcoitinne agus a choiscfidh teip ar scoil. Faigheann gach rang réamhscoile de chuid Tús Luath maoiniú speisialta caipitlíochta, múinteoir bunscoile cáilithe agus cúntóir cúraim leanaí. Soláthraítear deontas tosaigh le haghaidh bunábhar / trealamh agus deontas chun rannpháirteachas na dtuismitheoirí a spreagadh. Sa bhliain 2001 sháraigh an maoiniú a cuireadh ar fáil do thionsnaimh réamhscoile €5 milliún, ionas go bhféadfaí tacaíocht a thabhairt don chlár Tús Luath agus tionscnaimh réamhscoile eile.

Straitéis: Soláthar do riachtanais speisialta foghlama

Daltaí le Riachtanais Speisialta

Ón mbliain 1998 i leith tá gach leanbh atá faoi mhíchumas sa chóras oideachais i dteideal freagra láithreach ar a riachtanais mheasúnaithe. Déantar iarracht le polasaí, chomh fada agus is féidir, imeascadh daltaí atá faoi mhíchumas a éascú sa chóras príomhshrutha. Tá líon na múinteoirí acmhainne a fhreastalaíonn ar leanaí le riachtanais speisialta ag méadú sna scoileanna príomhshrutha ó bhunlíon de 104 go dtí 1,000 sa bhliain 2001. Tá líon na gcúntóirí riachtanas speisialta méadaithe freisin ó níos lú ná 300 go dtí tuairim is 2,500 sa tréimhse chéanna.

De ghnáth, imeasctar leanaí d'aois mheánscoile atá faoi mhíchumas éadrom i scoileanna príomhshrutha dara leibhéal. Faigheann siad tacaíocht ó mhúinteoirí tacaíochta agus/nó cúntóirí riachtanas speisialta. Bunaítear leibhéal an riachtanais ar riachtanais mheasúnaithe an dalta aonair. Sa bhliain 2001 cuireadh beagnach 370 post mar mhúinteoir acmhainne i leataobh chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí atá faoi mhíchumas i scoileanna dara leibhéal. Léirítear an dá fhigiúr seo i dtéarmaí post lánaimseartha coibhéiseach agus fágann sin go bhfuil níos mó daoine i mbun oibre anois.

Ar na bearta atá á chur i bhfeidhm chun leanaí faoi mhíchumas a imeascadh sa ghnáthchóras áirítear:

Seirbhís na Múinteoirí Tacaíochta Foghlama

Soláthraíonn an tseirbhís seo cúnamh do leanaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, go háirithe i réimse croílárnach na lithearthachta.

I Meán Fómhair, 1999 leathnaíodh Seirbhís na Múinteoirí Tacaíochta Foghlama chun gach scoil sa tír a chlúdach idir an chéad agus an dara leibhéal. Tá líon na múinteoirí tacaíochta foghlama tar éis méadú ó 1,242 i Meán Fómhair 1997 go 1,485 sa bhliain 2001. Tá 560 múinteoir tacaíochta foghlama ag obair ag an dara leibhéal anois. Eisíodh treoirlínte tacaíochta foghlama chuig scoileanna agus thosaigh clár oiliúna inseirbhíse i mí na Samhna 2001.

Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta

Is éard atá i gceist le Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta ná 42 múinteoir a thugann tacaíocht do dhaltaí ag an chéad agus an dara leibhéal a bhfuil fadhbanna radhairc nó éisteachta acu nó Siondróm Down orthu. Níl na múinteoirí seo ar fostú ag aon scoil faoi leith. Is í an Chigireachta a dhéanann bainistíocht ar an tseirbhís seo agus clúdaíonn gach múinteoir limistéir áirithe sa tír.

Socruithe do Dhaltaí le Riachtanais Speisialta atá ag tabhairt faoi Scrúdú na hArdteistiméireachta

Tá scéim chothrom oiriúntas curtha i bhfeidhm ag an Roinn do dhaltaí le riachtanais speisialta atá ag tabhairt faoi Scrúdú na hArdteistiméireachta. Is éard atá i gceist leis na hoiriúntais seo ná tionchar an mhíchumais ar iarrachtaí an dalta a mhaolú chomh fada agus is féidir ionas go mbeidh an t-iarrthóir in ann a leibhéal gnóthachtála a léiriú.

Freastalaítear ar leanaí atá faoi mhíchumas i scoileanna speisialta nó i ranganna speisialta atá ceangailte do scoileanna príomhshrutha chomh maith. Feidhmíonn na háiseanna seo le cóimheas speisialta laghdaithe múinteoir le dalta a réitíonn leis na leibhéil atá molta ag an Choiste Athbhreithnithe Um Oideachas Speisialta.

Soláthar Oideachasúil do Leanaí le hUathachas

Go dtí 1998 ní raibh aon ranganna speisialta ar fáil do leanaí le huathachas inár mbunscoileanna. Faoi láthair tá breis is 90 rang speisialta tiomnaithe do leanaí uathacha. Tá tacaíocht múinteora agus beirt Chúntóirí Riachtanas Speisialta i ngach rang speisialta. Ina theannta sin faigheann bainistíocht na scoile maoiniú caipitlíochta méadaithe ón Roinn.

I nDeireadh Fómhair 2000, bunaíodh tascfhórsa ar leith chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an gcur chuige reatha i leith riachtanas speisialta leanaí le huathachas agus chun moltaí a dhéanamh i dtaca le forbairt seirbhísí sa réimse seo sa tochchaí. Foilsíodh tuarascáil an Tascfhórsa i 2001 agus is féidir í a íoschóipeáil ó láithreán gréasáin na Roinne.

Soláthar Oideachasúil do Leanaí le Disléicse

Ba é an cur chuige traidisiúnta chun tacaíocht a thabhairt do leanaí faoi mhíchumas sainiúil foghlama / disléicse ná feidhm a bhaint as seirbhís na múinteoirí feabhais agus seirbhís na múinteoirí acmhainne. Tá seirbhís na múinteoirí feabhais ar fáil i ngach scoil anois, agus tá 1,480 múinteoir fostaithe sa chóras bunscolaíochta. Ina theannta sin tá breis is 750 múinteoir acmhainne ag feidhmiú sa chóras bunscolaíochta chun freastal ar leanaí le riachtanais speisialta, lena n-áirítear disléicse. I gcás foirmeacha níos troime de mhíchumas sainiúil foghlama is féidir freastal ar leanaí i ranganna speisialta a fheidhmíonn le cóimheas múínteoir le dalta de 11:1. Tá 4 scoil speisialta agus 19 rang speisialta ann faoi láthair.

Foilsíodh athbhreithniú neamhspleách ar an gcur chuige reatha i leith riachtanas oideachasúla leanaí le disléicse i mí na Samhna 2001, agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

I measc na mbeart speisialta atá curtha i bhfeidhm chun cúnamh a thabhairt do leanaí le disléicse áirítear:

- Scéim nuálach phíolótach €2.5 chun ríomhairí glúine a chur ar fáil do dhaltaí disléicseacha dara leibhéal i 31 scoil.
- Treoirlínte nua do mhúinteoirí ar Thacaíocht Foghlama chun cabhrú leo tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt do leanaí.

- Clár náisiúnta oiliúna inseirbhíse do mhúinteoirí tacaíochta foghlama a chuirfear i bhfeidhm le linn na scoilbhliana seo chugainn.

Lárionad Um Staidéar ar Bhodhaire

Tharla oscailt oifigiúil an Lárionaid Um Staidéar ar Bhodhaire i gColáiste na Tríonóide, BÁC i mí Dheireadh Fómhair 2001. Táirgeann an lárionad trí chúrsa lánaimseartha dioplóma ar leith, a mhaireann dhá bhliain, chun an caidreamh idir an pobal bodhar agus an pobal le héisteacht a fheabhsú agus chun deiseanna fostaíochta na mbodhar a fheabhsú. Tairgtear Dioplóma sa Teanga Chomharthach Éireannach / Teangaireacht an Bhéarla do mhic léinn bhodhara. Tairgtear Dioplóma sa Teanga Chomharthach Éireannach / Teangaireacht an Bhéarla do mhic léinn le héisteacht ar mhaith leo oibriú mar theangairí. Tairgeann an Lárionad dioplóma i Staidéar ar Bhodhaire do mhic léinn bhodhara agus do mhic léinn le héisteacht freisin, agus mar chuid dá théarmaí tagartha déantar taighde ar ghnéithe de Staidéar ar Bhodhaire agus Cultúr an Bhodhaire.

An Chomhairle Náisiúnta Um Oideachas Speisialta

I mí Iúil 2001, thug an Rialtas cead, i bprionsabal, chun Chomhairle Náisiúnta Um Oideachas Speisialta a bhunú. Bunófar an Chomhairle seo mar chomhlacht neamhspleách státseirbhíse faoi choimirce na Roinne. De bhreis ar thaighde a dhéanamh agus comhairle shaineolach a thabhairt don Aire i dtaca le ceisteanna a bhaineann le hoideachas speisialta, cuirfidh sé Eagraithe Riachtanais Speisialta ar fáil chun seirbhís chomhordaithe do thuismitheoirí agus leanaí ag leibhéal áitiúil a sholáthar. Is é an aidhm ná seirbhís oideachais oiriúnach inrochtaine a sholáthar do leanaí le riachtanais speisialta chomh luath agus is féidir. Beidh ról croílárnach ag an Chomhairle maidir le seirbhís éifeachtach oideachais a fhorbairt don am atá le teacht.

Straitéis: Rochtain agus uilechuimsitheacht a chothú ag gach leibhéal oideachais

Seirbhísí Síceolaíocha do Scoileanna

Bunaíodh an tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Síceolaíoch NEPS ar 1 Meán Fómhair, 1999 mar Ghníomhaireacht fheidhmeannach tiomanta de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá údarás tiomnaithe ag an NEPS chun seirbhís shíceolaíoch oideachasúil a fhorbairt agus a sholáthar do gach dalta atá ina gá.

D'fhág an méadú san fhoirniú i 2001 go raibh an NEPS in ann a cuid seirbhísí a leathnú chun gach scoil dara leibhéal agus 1,958 bunscoil a chlúdach. Ina theannta sin soláthraíonn an ghníomhaireacht tacaíocht do scoileanna tar éis tarluithe coscracha.

Míbhuntáiste Oideachasúil

Sa bhliain 2001 seoladh mórthionscadal nua dar teideal 'Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí' agus pléitear é i gceann dár n-ailt fócais.

I measc na gclár a phléann le Míbhuntáiste Oideachais áirítear:

Briseadh an Timthrialla

Bunaíodh an tionscadal Ag Briseadh an Timthrialla ar staidéir ar mhíbhuntáiste oideachasúil a rinne an ghníomhaireacht Combat Poverty i gcomhar leis an Ionad Taighde Oideachais d'fhonn na meáin ba ghá a aithint chun bearta nua a cheapadh le timthriall an mhíbhuntaiste oideachasúil a bhriseadh.

Chríochnaigh an tréimhse phíolótach cúig bliana den scéim seo ar 30 Meitheamh 2001. Gné shuntasach den tionscadal seo i scoileanna uirbeacha is ea an laghdú go 15:1 ar an gcóimheas dalta le múinteoir sna bunranganna (rang na sóisear go dtí an dara rang). Gné den tionscadal seo i scoileanna tuaithe is ea soláthar comhordaitheora áitiúil i ngach ceann de na 25 cnuasach scoileanna chun rannpháirteachas tuismitheoirí a chothú, agus chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do dhaltaí atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachasúil agus an scoil a fhágáil go luath.

Scéim Idirchaidrimh Baile / Scoile/Comhphobail (HSCL)

Bunaíodh an scéim (HSCL) i 1990 agus leathnaíodh í go dtí gach scoil a aithníodh a bheith faoi mhíbhuntaiste i 1999. Is straitéis choisctheach í an scéim seo a chothaíonn comhoibriú gníomhach idir an baile, an scoil agus ghníomhaireachtaí ábhartha comhphobail chun leasa oideachasúla na leanaí a chothú. Ina theannta sin tá sé mar aidhm aici aird na dtuismitheoirí a dhíriú ar a gcumas féin dul chun cinn oideachasúil a bpáisti a fheabhsú.

Faoi láthair tá 309 bunscoil agus 190 scoil dara leibhéal páirteach sa scéim. Tá 176 comhordaitheoir ag obair ag an bhunleibhéal agus 189 ag leibhéal na hiarbhunscoile. Riarann Comhordaitheoir Náisiúnta agus Comhordaitheoir Cúnta Náisiúnta feidhmiú na scéime ó lá go lá.

Daltaí a fhágann an scoil go luath

Tá an Roinn tiomanta do ghníomhú leanúnach i roinnt réimsí éagsúla - tacaíocht churcalaim, tacaíocht reachtúil agus tacaíocht dhíreach - chun daltaí a choimeád ar scoil go dtí deireadh na hArdteistiméireachta. Áiríodh sa straitéis seo leathnú ar an eispéireas oideachasúil atá ar fáil do dhaltaí trí mhaoiniú breise a thabhairt do chláir nua ar nós An Ardtéistiméireacht Fheidhmeach agus Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh. Cruthaíodh straitéisí a thugann tacaíocht agus spreagadh do scoileanna daltaí a choimeád go dtí go mbeidh an tsraith shinsearach críochnaithe acu.

Tionscnamh do Dhaltaí 8-15 Bliain d'Aois a Fhágann Scoil go Luath

Cuireadh an clár seo i bhfeidhm i 1998, agus tugadh fadú tréimhse dó go dtí Lúnasa 2002. Áiríodh 17 tionscadal leis an gclár, ina raibh 80 scoil rannpháirteach (51 bunscoil agus 29 scoil dara leibhéal) i gcomhar le

gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha a raibh baint acu le forbairt pobail agus Comhpháirtíochtaí Ceantarbhunaithe. Caitheadh €3.17 milliún ar an tionscnamh seo agus bhí sé páirtmhaoinithe ag Cistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh faoin Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. I measc na ngníomhaíochtaí inscoile áirítear tacaíocht obair bhaile, cúnamh feabhais, cláir aistrithe, forbairt phearsanta, comhairliú aosach agus comhaoiseach, curcalaim oiriúnaithe agus soláthar bia. Ar na gníomhaíochtaí seachscoile áirítear clubanna iarscoile, imeachtaí ceantarbhunaithe, spóirt, ceol/rince/dráma, cuairteanna baile, soláthar do shaoire struchtúrtha agus turais oideachais.

An Tionscnamh Coimeádta 'Fan ar Scoil'

Cuireadh an clár seo i bhfeidhm i Meitheamh 1999, i 58 scoil i dtosach báire. Leathnaíodh an scéim seo chun 118 scoil a chlúdach i Meán Fómhair 2001. Ag croílár an tionscnaimh sin bhí plean coimeádta scríofa ilbhliantúil nó comhaontú dréachtaithe idir an scoil agus an Roinn, leis an gcoinníoll go n-oibríonn an scoil, mar thiománaí an tionscnaimh, ar bhonn ilghníomhaireachta agus go mbunaíonn sí naisc thrasphobail agus í ag comhlíonadh a dualgas. Caitheadh €8.5 milliún ar an tionscnamh seo i 2001 agus bhí sé páirtmhaoinithe ag Cistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh faoin Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Youthreach

Is tionscnamh Idir-Ranna do dhaltaí a fhágann scoil go luath é Youthreach. Soláthraíonn Youthreach oideachas, oiliúint agus taithí oibre do dhaoine óga, idir 15-20 bliain d'aois de ghnáth, atá gan oideachas foirmiúil nó cáilíochtaí oiliúna. Seo a leanas an caiteachas in earnáil an oideachais i 2001.

	Caiteachas	Rannpháirtithe
Youthreach	€32,728,751	2641
Ionaid Sinsearacha Oiliúna an Lucht Siúil	€12,171,591	811
Iomlán	**€44,900,342**	**3452**

Oibríonn an clár trí roinnt snáitheanna éagsúla; ionaid YOUTHREACH, maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus riartha ag na Coistí Gairmoideachais, Ceardlanna Oiliúna Pobail maoinithe ag FÁS, agus Ceardlanna Ceartais maoinithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus FÁS.

Oibrítear a mhacasamhail de chlár i dtimpeallacht chultúrchothaitheach don lucht siúil i ngréasán Ionad Sinsearach Oiliúna Lucht Siúil. Tá 76 Ionad YOUTHREACH, 47 Ceardlann Oiliúna Pobail, 6 Ceardlann de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, agus 28 Ionad Oiliúna Lucht Siúil ann ag feidhmiú ar fud na tíre ag freastal ar bhreis is 6,000 foghlaimeoir.

Oideachas don Lucht Siúil

Cé go n-aithníonn an Roinn an ghné idirchultúrtha a bhaineann le hoideachas leanaí ón lucht siúil, is é an polasaí atá ann ná go n-imeascfaí leanaí ón lucht siúil, atá in aois scolaíochta, go huile is go hiomlán, agus go múinfí iad i scoileanna príomhshrutha. Ar na bearta atá ann chun é seo a bhaint amach áirítear:

- Deontais chaipitíochta de luach €249.50 in aghaidh na bliana do leanaí ón lucht siúil faoi bhun 12 bliain d'aois agus €472.34 dóibh siúd os cionn 12 bliain d'aois.
- Íocann an Roinn 98% den chostas iompair chuig scoileanna náisiúnta príomhshrutha.
- Ag an dara leibhéal, íoctar deontas caipitíochta de luach €426.63 le scoileanna chun cabhrú le leanaí agus teaghlaigh de chuid an lucht siúil a bheith páirteach sa saol scoile ar bhonn rathúil.

Tacaíonn an Roinn leis na seirbhísí seo a leanas:

Leithdháileadh Acmhainní (Meán Fómhair 2001)	Líon
Réamhscoileanna an Lucht Siúil	51
Múinteoirí Acmhainne don Lucht Siúil	506
Scoileanna Speisialta don Lucht Siúil	3
Ionaid Shóisearacha Oideachais	6
Scoileanna dara leibhéal a fhaigheann uaireanta breise múinteoireachta	130
Ionaid Shinsearacha	28
Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta	40
Oifigeach Oideachais Náisiúnta don Lucht Siúil	1

Soláthar Oideachasúil do Neamhdhúchasaigh in Éirinn

Is sochaí ilchultúrtha í Éire sa lá atá inniu ann agus tá an Roinn tiomanta do fhreastal a dhéanamh ar riachtanais oideachasúla leanaí nach dúchasaigh iad trí mhaoiniú clár oiliúna teanga agus trí acmhainní breise a chur ar fáil.

Tá Imeascadh Éireann: Teanga agus Oiliúint (An tAonad Tacaíochta Teanga do Dhídeánaithe mar a tugadh air tráth) tar éis clár a chruthú a dhíríonn ar an mBéarla i gcomhthéacs an churcalaim scoile, agus ina theannta sin ar shóisialú laistigh den scoil. Chríochnaigh tuairim is 700 múinteoir bunscoile agus tuairim is 200 múinteoir dara leibhéal an clar seo go nuige seo.

Soláthraíonn an Roinn acmhainní do scoileanna i bhfoirm post múinteoireachta agus deontas. Sna blianta 2000/2001, soláthraíodh 150 post bunleibhéal agus 95 post dara leibhéal i dteannta cúnaimh i bhfoirm deontais arbh fhiú beagnach €1.4 milliún é, rud a chuir ar chumas 5,000 neamhdhúchasach rochtain iomlán a fháil ar an gcurcalam scoile, agus a bheith rannpháirteach sa saol scoile.

Lena chois sin caitheann leabhrán eolais do scoileanna solas ar chás na neamhdhúchasach in Éirinn agus tugann sé treoir maidir leis na leanaí seo a imeascadh sa chóras.

Rochtain ar Ardoideachas

Tá freagracht ar an Roinn as deiseanna rochtana agus rannpháirtíochta do dhaltaí san oideachas breise agus san ardoideachas a chur chun cinn. De réir beart cuimsithe sóisialta an NDP tá foráil do chiste rochtana tríú leibhéal ar fiú €120 milliún ar an iomlán é thar an tréimhse 2000-2006. Tá sé i gceist go rachaidh sé seo i ngleic le hionadaíocht faoi bhun cothroime ag trí spriocghrúpa :-

- Daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste
- Mic léinn lánfhásta
- Mic léinn faoi Mhíchumas

I mí Iúil 2001, foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Gníomhaíochta ar Rochtain ar Oideachas Tríú Leibhéal. Bunaíodh an Grúpa Gníomhaíochta chun moltaí a dhéanamh mar gheall ar chreatlach chomhordaithe a fhorbairt chun rochtain daltaí ón trí spriocghrúpa a chur chun cinn. Ar cheann de na príomhthascanna a bhí ag an nGrúpa Gníomhaíochta bhí moltaí a dhéanamh maidir le cionroinnt an €120 milliún.

Tá réimse scéimeanna agus beart ar fáil chun cabhrú le mac léinn san oideachas tríú leibhéal:

Tionscnamh Táillí in Aisce

Seasann an Roinn táillí teagaisc do mhic léinn atá ina dteideal agus a bhíonn ag freastal ar chúrsaí fo-chéime lánaimseartha faofa. Chosain an tionscnaimh seo €220 milliún i 2001.

Scéimeanna Tacaíochta do Mhic Léinn

Tá freagracht ar an Roinn as bainistíocht réimse scéimeanna tacaíochta do mhic léinn, a sholáthraíonn cabhair airgeadais ar bhonn scrúdaithe acmhainne do mhic léinn oideachais bhreise agus tríú leibhéal. Ceithre scéim deontais chothaithe atá ann agus cáilíonn tuairim is 37% de mhic léinn triú leibhéal do dheontais chothaithe.

TÁBLA – Caiteachas sna Ceithre Scéim Deontais Chothaithe

Scéim	Líon Sealbhóirí Deontais	Caiteachas i 2001 €m
Deontais Ardoideachais	23,340	60.2
Scoláireachtaí CGO	5,780	13.6
Deontais Chothaithe Oiliúnaithe Tríu leibhéal	13,870	26.3
Deontais Iar-Ardteistiméireachta	6,000	11.4
IOMLÁN	**48,990**	**111.5**

Rátaí Speisialta den Deontas Cothaithe [Deontais Bhreisithe]

Mar thoradh ar mholtaí thuarascáil an Ghrúpa Ghníomhaíochta tá roinnt beart tugtha isteach, ar nós an Deontais Rátaí Speisialta Cothaithe (páirtmhaoinithe ag an ESF), nó na deontais 'top up' mar a thugtar orthu de ghnáth, atá iníoctha le sealbhóirí deontas atá faoi mhíbhuntáiste. Cuireadh i bhfeidhm iad sa bhliain acadúil 2000/2001. Sa chás ina mbíonn mac léinn ag fáil deontais cheana féin faoi cheann de na scéimeanna deontais chothaithe atá ann faoi láthair, is féidir leis/léi iarratas ar an deontas ráta speisialta a chur chuig an údarás áitiúil chuí nó an CGO.

Cúnamh do Mhic Léinn / Ciste Rochtana

Tá an Ciste seo, atá páirtmhaoinithe ag an CSE, a riar go díreach ag na hinstitiúidí tríú leibhéal. Is é is cuspóir dó ná tacaíocht airgeadais a sholáthar do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu ionas go mbeidh ar a gcumas lántairbhe a bhaint as an staidéar tríú leibhéal. Méadaíodh an soláthar don chiste seo ó €2.49 milliún sa bhliain acadúil 2000/1 go €7.49 milliún sa bhliain acadúil 2001/02.

Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Tá an Ciste seo, atá páirtmhaoinithe ag an CSE, a riar go díreach ag an Roinn. Is le haghaidh mac léinn atá faoi mhíchumais throma chéadfacha, fhisiciúla agus/nó theagmhála é. Bronntar deontais i leith saintrealaimh, sainábhar, áiseanna teicneolaíocha, seirbhíse iompair dírithe, teangairí teanga chomharthach, cúntóirí pearsanta agus oibrithe tacaíochta eile ar nós breacadóirí nótaí. Mhéadaigh líon na n-iarratas a faomhadh ó 511 i 2000 go 809 i 2001. Mhéadaigh an caiteachas ó €1.56 milliún i 2000 go €2.62 milliún i 2001.

An Ciste Compháirtíochta Mílaoise don Mhíbhuntáiste

Tugadh Comhpháirtíocht nua Mílaoise, atá páirtmhaoinithe ag an CSE, isteach le héifeacht ó 2001, é bunaithe ar shlata tomhais a bhí leagtha amach i dtuarascáil an Ghrúpa Gníomhaíochta. Tá sé ceaptha an ciste, ina bhfuil soláthar do €1.27 milliún, a úsáid chun tógáil ar thaithí na Scéime Tacaíochta do Mhic Léinn ó Theaghlaigh faoi Mhíbhuntáiste a reáchtálann an Chomhpháirtíocht Taobh ó Thuaidh chun cabhrú le mic léinn a bheith rannpháirteach san ardoideachas. Riarann Area Development Management Ltd (ADM) an ciste thar ceann na Roinne. Fuair 35 comhpáirtíocht agus grúpa pobail cionranna ón chiste i 2001.

Foghlaim Shaoil

Sainmhíníonn an NESC Foghlaim Shaoil mar fhoghlaim a mhaireann thar ré iomlán an tsaoil. Cuimsítear gach gníomhaíocht foghlama, bíodh sé foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, a bhfuil sé mar chuspóir aici eolas agus scileanna a fheabhsú agus sásamh pearsanta a chothú.

Straitéis: Rochtain agus Uilechuimsitheacht a chur chun cinn ag gach leibhéal oideachais.

Sa Pháipéar Bán ar Oideachas do Dhaoine Fásta, *Foghlaim ar Feadh an tSaoil*, a seoladh i Lúnasa 2000, leagtar amach réimse moltaí chun rochtain ar oideachas do dhaoine fásta a chur chun cinn agus a leathnú. Clúdaíonn na moltaí na prionsabail ar chóir dóibh a bheith mar thaca faoin tseirbhís, lena n-áirítear:

- Straitéis náisiúnta lithearthachta do dhaoine fásta a chur i bhfeidhm
- Roghanna páirtaimseartha san ardoideachas a fhorleathnú
- Deiseanna i gcomhair rannpháirteachais dhaoine fásta in oideachas tríú leibhéal a fheabhsú
- Ról neartaithe d'oideachas pobail
- Cur le seirbhísí tacaíochta ar nós seirbhísí treorach, comhairliúcháin agus cúraim leanaí

Chomh maith leis sin déantar soláthar do Chomhairle Náisiúnta Foghlama d'Aosaithe agus Coistí Áitiúla Foghlama d'Aosaithe a bhunú le comhordú, imeascadh agus pleanáil a fheabhsú ar bhonn náisiúnta agus áitiúil. Tá na moltaí sa Pháipéar Bán á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimithe de bharr na n-acmhainní a soláthraíodh sa Phlean Náisiúnta Forbartha agus sna Meastacháin.

Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (SDG)

Tá sé mar aidhm ag an Scéim Deiseanna Gairmoiliúna tacaíocht a sholáthar d'oideachas dara seans agus cláir oiliúna d'aosaithe in aois a 21 agus os a cionn atá dífhostaithe ar feadh sé mhí ar a laghad. Tairgeadh 5708 áit san iomlán i 2001 ar chostas €43.18 milliún.

Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IA)

Tá sé mar chuspóir ag an chlár seo na rannpháirtithe a ullmhú i gcomhair fostaíochta nó breis oideachais / oiliúna, agus na scileanna is gá do shlite beatha ar leith a fhorbairt. Is cláir lánaimseartha oideachais imeasctha, oiliúna agus taithí oibre, a mhaireann ar feadh bliain amháin nó dhá bhliain, iad na cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta. Soláthraítear iad i ngréasán de 230 scoil agus coláiste ar fud na tíre. Tá níos mó ná 1,000 cúrsa agus 60 disciplín ann ar féidir rogha a bhaint astu. Trí Scéim na Nasc Ardoideachais, soláthraíonn cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta bealach eile isteach san ardoideachas, sna hInstitiúidí Teicneolaíochta, dóibh siúd a bhfuil an Ardteistiméireacht Fheidhmeach críochnaithe acu, nó dóibh siúd nach raibh in ann dul isteach san oideachas tríú leibhéal nuair a d'fhág siad an scoil.

Tá líon na rannpháirtithe ar chúrsaí PLC méadaithe ó 21,263 mac léinn i 1997/98 go dtí 26,624 mac léinn sa bhliain acadúil 2001/2. Tá socruithe á ndéanamh chun roghanna páirtaimseartha a thabhairt isteach do dhaoine ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí PLC faoin Tionscnamh Ar Ais san Oideachas (BTEI) a bheidh páirtmhaoinithe ag Cistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh faoin Phlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006.

Litearthacht do Dhaoine Fásta

Is iad na Coistí Gairmoideachais a sholáthraíonn seirbhísí litearthachta do dhaoine fásta agus faigheann siad maoiniú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta le cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa, mar chuid den Phlean Naisiúnta Forbartha 2000-2006. Fostaíonn gach CGO Eagraithe Lithearthachta do dhaoine Fásta chun seirbhísí a eagrú ina gceantair áitiúla.

Mhéadaigh infheistíocht sa Litearthacht do dhaoine fásta ó €1.08 milliún i 1997 go dtí €14.22 i 2001, agus mhéadaigh líon na gcliant thar an tréimhse chéanna ó 5000 go dtí 22,733. Ina theannta sin táthar tar éis tabhairt faoi chreatlach ardchaighdeáin, cláir dheimhnithe forbartha foirne agus taighde ar mheasúnacht agus comhoibriú idirnáisiúnta.

Coimisiúnaíodh an dara sraith den chlar litearthachta agus feasachta READ WRITE NOW, agus craoladh é ar RTE ag tarraingt lucht féachána de 235,000 ar an meán in aghaidh na seachtaine. Tugadh tacaíocht don chlár le pacáistí foghlama saora agus le líne chabhrach saorfhóin a solathraíodh ag an Ghníomhaireacht Náisiúnta Lithearthachta do Dhaoine Fásta. Chomh maith leis sin craoladh sraith ráidió ina raibh 10 seachtaine de ranganna teagaisc sa litearthacht agus 10 seachtaine eile san uimhearthacht. Leathnaíodh cláir eile lena n-áirítear cláir fhoghlama teaghlaigh, litearthachta agus teanga do neamhdhúchasaigh, litearthachta san áit oibre.

Treoir do Dhaoine Fásta

Aimsíodh maoiniú, faoin Phlean Náisiúnta Forbartha chun seirbhís threorach oideachasúil a fhorbairt do chliaint i gcláir oideachais Litearthachta, VTOS, agus i gcláir oideachais do dhaoine fásta. Is é An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas a mhaoirsíonn an tionscamh seo le tionscadail a fhreastalaíonn ar 18 limistéir, chun leasa breis is 3,000 foghlaimeoir agus lucht foirne i 2001. Is é an aidhm ná go mbeidh seirbhís chuimsitheach ar bun faoi 2006.

An Tionscnamh Chomhionannais san Oideachas

Ag tógáil ar rath an Tionscnaimh Oideachais do Mhná 1998-2000, díríonn tionscnamh níos forleithne Chomhionannais san Oideachas anois ar fhir agus mhná atá faoi mhíbhuntaiste araon. Leathnaíodh an grúpa stiúrtha idirghníomhaíochta, a mhaoirsíonn an tionscnamh, chun eolas sainiúil ar oideachas na bhfear a áireamh.

Tá 18 tionscadal ann, a bhfuil baint ag 335 rannpháirtí leo. Tá an tionscnamh seo páirtmhaoinithe ag Cistí Struchtúrtha An Aontais Eorpaigh faoin Phlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006.

An Tionscnamh Oideachais do Dhaoine gan Dídean

Soláthraíonn an tionscadal seo seirbhísí bunúsacha oideachais do thuairim is 200 duine gan dídean i limistéir Bhaile Átha Cliath. I measc na seirbhísí seo áirítear, oideachas litearthachta agus oideachas bunúsach i dtithe ósta do dhaoine gan dídean, grúpaí foghlama teaghlaigh um thráthnóna, agus cláir shamhraidh do mhionaoisigh gan tioncalan. Bainistíonn comhordaitheoir oideachais, atá fostaithe ag CGO Chathair Bhaile Átha Cliath, agus atá lonnaithe sa Ghníomhaireacht do Dhaoine gan Dídean, an tseirbhís seo.

Tionscnamh Luathlithearthachta

Leanadh leis an Tionscnamh Luathlitearthachta i 2001, ag tarraingt le chéile roinnt tionscadal a bhaineann leis an litearthacht. Léiríonn na tionscadail seo bearta chun dul i gceann litearthachta réamhscoile, tionscnaimh chun cabhrú le múinteoirí agus daltaí agus tionscadal litearthachta sa luathscolaíocht dara leibhéal. Tá sé mar aidhm treoir phraiticiúil agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus daoine leasmhara eile ar sholáthar foghlama éifeachtaí do leanaí, ach le béim ar leith ar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu nach bhfuil ag éirí leo i réimsí na lithearthachta agus na matamaitice. Lean na tionscnaimh seo as an Tionscnamh Náisiúnta Léitheoireachta a reáchtáladh i 2000. Leithdháileadh €2.07 milliún ar an Tionscnamh Luathlitearthachta i 2001.

Torthaí Ardchaighdeáin

Baintear ardchaighdeán amach trína n-iarrachtaí siúd go léir a bhfuil freagracht orthu as oideachas daltaí a uasmhéadú. Is féidir é seo a bhaint amach trí struchtúir uile an chórais a chomhordú sa tslí go mbíonn na lárionaid oideachais éifeachtach, is é sin, gur áiteanna iad ina dtarlaíonn múinteoireacht, foghlaim agus taighde éifeachtach agus ina ngnóthaíonn gach dalta na leibhéil is airde rathúlachta, de réir a chumais féin. Éilíonn sé seo éagsúlacht thosca idirspleácha lena n-áirítear caighdeán an churcalaim, na múinteoireachta agus measúnachta, caighdeán na múinteoirí i scoileanna agus próisis phleanála agus bhainistíochta scoileanna agus institiúidí.

Straitéis: Torthaí ardchaighdeáin do dhaltaí a chur chun cinn.

Forbairtí Curaclaim

Tá an Curaclam leasaithe do Bhunscoileanna á chur i bhfeidhm ar bhonn céimithe thar tréimhse seacht mbliana ó Mheán Fómhair 1999 tá clár cuimsitheach inghairme do mhúinteoirí ar fhorbairt ghairmiúil mar thaca faoi. Is é Aonad Forbartha Inghairme na Roinne a eagraíonn an clár trí fhoireann tiomanta Thacaíocht Curaclaim Bhunscoile

Faoi Mheitheamh 2001 (deireadh an dara bliain den sceideal PCSP), soláthraíodh tacaíocht struchtúrtha ar bhonn náisiúnta do Fhorléargas ar an gCuraclam Leasaithe ar Bhéarla, Ghaeilge agus na hAmharcealaíona . Tugadh seiminear aon lae sa Ghaeilge do gach múinteoir i scoileanna a mhúineann trí Bhéarla ag díriú ar an gcur chuige cumarsáideach atá lárnach do theagasc an ábhair seo. Leanadh de thionscadal forbartha san Eolaíocht ina raibh tuairim is 200 scoil páirteach le linn 2001

Leanadh leis an gClár Forbartha Inghairme Iarbhunscoileanna do mhúinteoirí Fisice agus Ceimice atá sa tríú bliain. Is cuid de thionscnamh trí bliana, ar fiú €19 milliún é seo, a bhfuil sé mar aidhm aige taca a chur faoi thabhairt isteach siollabais úra Ardteistiméireachta san Fhisic agus sa Cheimic agus tacaíocht a thabhairt do theagasc na n-eolaíochtaí fisiceacha i gcoitinne. Áiríonn an tionscnamh seo soláthar €15 milliún de dheontais chun trealamh saotharlainne, trealamh TF san áireamh, a cheannach.

Na Scrúduithe Teistiméireachta

Is é aidhm na Roinne curaclam leathan cothrom a sholáthar do dhaltaí sa dara leibheal le scrúduithe stáit ag soláthar teistiméireachta. Is é Brainse Scrúdaithe na Roinne agus an Chigireacht i gcomhar le hÚdaráis scoileanna a eagraíonn oibriú an chórais scrúduithe.

Ról na Cigireachta

Cuid lárnach den obair a dhéanann an chigireacht is ea cur chun cinn feabhsaithe agus forbartha leanúnaí i gcaighdeán an oideachais atá á chur ar fáil ag scoileanna agus ag an chóras oideachais i gcoitinne. Tá an chigireacht tar éis í féin a cheangal le cur chuige imeasctha deimhnithe ardchaighdeáin. Cuirfidh an cur chuige seo le taithí oideachasúil na ndaltaí agus feabhsóidh sé torthaí foghlama. Aibhsíonn an cur chuige seo gur trí theaglaim bheart comhlánacha is fearr a bhainfear amach ardchaighdeán. I measc na mbeart seo áirítear obair na cigireachta i soláthar comhairle agus tacaíochta do scoileanna, don bhainistíocht agus eile; i gcur chun cinn feabhsuithe i bhféinathbhreithnithe scoile, i bhforbairt churaclaim agus in oideachas múinteoirí: agus i measúnú scoileanna, múinteoirí, clár agus curaclam.

Bunú Reachtúil an CNCM

I mí Iúil 2001, bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar bhonn reachtúil faoin Acht Oideachais. Cuirfidh na téarmaí tagartha reachtúla nua seo taca faoi ról an CNCM i gcúrsaí forbartha curaclaim agus measúnachta d'fhonn foghlaim d'ardchaighdeán a chur chun cinn i scoileanna.

Clár na Nuatheangacha

Ba é 2001 bliain Eorpach na dTeangacha, agus le linn na bliana mhéadaigh an Roinn a tacaíocht do theagasc agus foghlaim na nuatheangacha.

Ag an mbunleibhéal tá tionscnamh na nuatheangacha ar siúl ar feadh breis is trí bliana. Faoi láthair tá 350 scoil rannpháirteach ann agus tá an Fhraincis, An Ghearmáinis, an Spáinnis agus an Iodáilis a dtairiscint do ranganna a cúig agus a sé.

I 2001, thosaigh an Tionscnamh Teangacha sa Dara Leibhéal chun foghlaim na Spáinnise agus na hIodáilise agus na Seapáinise a chur chun cinn. Tá 191 scoil rannpháirteach ann. Tairgeadh modúl píolótach idirbhliana ar éirigh go han-mhaith leis sa tSeapáinis i seacht scoil, i dtosach báire, ach anois tá 34 scoil tar éis dul ina bhun.

Cláir Choisc Mhí-Úsáid Substaintí

Tá tionscnaimh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta sa troid in éadán drugaí ag leanúint ar aghaidh. Táthar ag leanúint le tacaí scoilbhunaithe ar nós an chláir 'Walk Tall' ag an mbunleibhéal agus 'On My Own Two Feet' ag leibhéal na hiarbhunscoile i gcomhthéacs níos leithne de na cláir san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) a tugadh isteach ag an dá leibhéal. Soláthraíodh tacaíocht bhreise tiomanta do na cláir seo i gcás scoileanna i limistéirí an Tascfhórsa Áitiúil Drugaí.

Tionscnamh chun Treoir Scoile a fheabhsú

Is é cuspóir an tionscnaimh seo ná bealaí nuálacha a fhorbairt chun cúrsaí treorach a fheabhsú trí naisc idir scoileanna, gnólachtaí, gníomhaíochtaí stáit agus gníomhaíochtaí deonacha a chur chun cinn. Tá béim ar leith curtha ar an líon daltaí a dhéanann na heolaíochtaí a mhéadú. Tá 103 scoil dara leibhéal tar éis leas díreach a bhaint as an 50 post múinteoireachta lánaimseartha a cuireadh ar fáil faoin tionscnamh seo sa scoilbhliain 2001/2.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Bunaíodh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i Mí na Nollag 2001, faoi réir Alt 31 den Acht Oideachais, 1998. Is é is cuspóir di ná oideachas trí mheán na Gaeilge, agus teagasc agus foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn. Rachaidh an comhlacht seo i mbun raon feidhmeanna comhairlithe agus tacaíochta maidir le hoideachas na Gaeilge, lena n-áirítear pleanáil agus comhordú téacsleabhar agus áiseanna foghlama. Beidh baint aige le forbairt polasaithe chun soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge agus i scoileanna sainaitheanta i gcoitinne a éascú. Ina theannta sin, beidh baint aige le taighde a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le hoideachas na Gaeilge.

Riachtanais Ghairme agus Scileanna

Is é An tÚdarás Ardoideachais (ÚAO) an comhlacht pleanála agus forbartha don ardoideachas in Éirinn. Ceann de na príomhfheidhmeanna atá aige is ea athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an éileamh atá ar ardoideachas agus an gá atá leis. Laistigh den chomhthéacs seo tugann an ÚAO moltaí don Aire i dtaca le soláthar áiteanna do mhic léinn ar an iomlán.

De bharr easnamh aitheanta i líon na n-oibrithe sóisialta agus na gcógaiseoirí faomhadh 35 áit bhreise d'oibrithe sóisialta agus 30 áit bhreise d'fhochéimithe cógaiseolaíochta i gColáiste Ríoga na Máinliachta Éireann. Ina theannta sin, tá sé i gceist scoil nua Cógaseolaíochta a bhunú in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh.

Freastal na hEarnála Teicneolaíochta ar Riachtanais Scileanna

Bunaíodh an Chomhpháirtíocht Oideachais agus Oiliúna sa Ghnó chun straitéisí náisiúnta a fhorbairt le dul i ngleic le tuar riachtanas scileanna sa líon saothair, agus le hoideachas agus oiliúint do chúrsaí ghnó. Gné amháin den chomhpháirtíocht seo ab ea an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí a cuireadh ar bun. Soláthraíodh breis áiteanna sa tríú leibhéal mar fhreagra ar mholtaí a rinne an Grúpa Saineolach in eochair-réimsí straitéise, ar nós theicneolaíocht an eolais, innealtóireacht agus na n-eolaíochtaí beatha. Tá tuilleadh moltaí á chur i bhfeidhm in eochair-réimsí ar nós an r-ghnó (ríomhghnó), oiliúna inchuideachta, taighde agus forbartha.

Leanann na hInstitiúidí Teicneolaíochta orthu ag freastal ar riachtanais scileanna trí áiteanna breise a chur ar fáil sna cúrsaí atá ann faoi láthair, trí chúrsaí nua á thabhairt isteach agus trí roinnt áirithe tionscamh riachtanas speisialta a fhorbairt.

Cláir Luathaithe do Theicneoirí (ATP)

Cuireadh an tionscnamh 18 mí seo ar bun i roinnt Institiúidí Teicneolaíochta i 1998. Tairgtear cúrsaí ar leibhéal an Teastais Náisiúnta i raon réimsí riachtanas scileanna lena n-áirítear Ríomhaireacht, Teicneolaíocht na Déantúsaíochta, Eolaíocht Thionsclaíoch, Beachtinnealtóireacht, agus Dearadh Déanamh – Múnla Ríomhchuidithe. Sa bhliain 2001 ghlac breis is 500 mac léinn páirt sna cúrsaí seo. Sa bhliain 2001, tugadh cúrsa leantach aonbhliana Dioplóma Náisiúnta isteach i roinnt Institiúidí Teicneolaíochta chun deiseanna dul chun cinn a sholáthar do chéimithe chlár ATP an Teastais Náisiúnta.

An Clár d'Fhoghlaimeoirí Institiúide

Seoladh an Clár d'Fhoghlaimeoirí Institiúide i 2001 chun áiteanna breise tríú leibhéal a chur ar fáil i roinnt réimsí a sonraíodh de bharr ganntanais scileanna, lena n-áirítear : Foirgníocht, Déantúsaíocht Leictreonach, Cógaseolaíocht, An Cheimic, Cúram Sláinte, Teicneolaíocht an Bhia, r-Ghnó agus Ríomhaireacht. Is é is aidhm don chlár seo deiseanna rochtaine do chatagóirí neamhthraidisiúnta foghlaimeoirí a fheabhsú. Comhcheanglaíonn sé fostaíocht le heilimintí oideachasúla. I 2001, chláraigh tuairim is 200 foghlaimeoir ar chúrsaí faoin tionscnamh nua seo.

Príntíseacht

Mar fhreagra ar an méadú ar líon na bprintíseach laistigh den chóras, méadaíodh an cumas oiliúna printíseachta laistigh d'earnáil an oideachais go suntasach sa bhliain acadúil 2001/02. Solathraíodh tuairim is 1,000 áit bhreise oiliúna, rud a fhágann go bhfuil líon iomlán na n-áiteanna oiliúna in earnáil an oideachais isteach is amach le 9,900. Mar aon leis an méadú sa líon seo, reachtáladh roinnt cúrsaí speisialta i rith an tsamhraidh i 2001 i raon réimsí tradála ard-éilimh. Fuair 992 printíseach eile oiliúint sna cúrsaí samhraidh speisialta seo.

Deimhniú agus Measúnú Oideachais Bhreise, Ardoideachais, agus Oilúna

Bunaíodh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, agus Comhairlí na gCáilíochtaí Oiliúna sa Bhreiseoideachas agus Ardoideachas i 2001. Solathróidh na comhlachtaí seo creatlach aontaithe do chreidiúnú an ghairmoideachais agus oiliúna neamhollscoile ar fad ag an bhreisleibhéal agus ardleibhéal faoi réir Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint),1999.

Is é príomhról an Údaráis Náisiúnta Cáilíochtaí (NQAI), a fhaigheann cúnamh ón AE mar chuid den Phlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006, ná, creatlach náisiúnta cáilíochtaí a fhorbairt a chinnteoidh ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna, a éascóidh rochtain foghlaimeoirí ar cháilíochtaí agus a chuirfidh ar a gcumas tuilleadh cáilíochtaí a fháil.

Forbróidh agus cothóidh Comhairle na gCáilíochtaí Oiliúna agus Oideachais Bhreise (FETAC) cáilíochtaí d'ardchaighdeán; tabharfaidh sí bailíocht do chaighdeán na gclár; leagfaidh sí amach slata tomhais náisiúnta agus bunóidh sí comhpháirtíochtaí oibre ag tarraingt dreamanna leasmhara le chéile ó réimsí na tionsclaíochta, an oideachais agus na hoiliúna. Cuirfidh FETAC feidhmeanna shean-Chomhairle Naisiúnta na gCáilíochtaí Gairme i ngníomh agus tógfaidh sí áit na rannóg deimhnithe i CERT/NCTB, FÁS, Teagasc agus BIM.

Is í Comhairle na gCáilíochtaí Oiliúna agus Ardoideachais an comhlacht bronnta cáilíochtaí d'institiúidí oideachais agus oiliúna sa tríú leibhéal lasmuigh d'earnáil na hollscolaíochta. Trí dhul i gceann phríomhfheidheanna Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí, beidh sé de chúram uirthi bailíocht a thabhairt do chláir agus na caighdeáin a leagadh amach agus a mhaoirsiú. Ina theannta sin, beidh sé de chúram uirthi a chinntiú go mbeidh gnáthaimh mheasúnachta mac léinn cothrom agus comhsheasmhach. Chomh maith leis sin, cinnteoidh sí cosaint acadúil agus airgeadais do mhic léinn in institiuidí oideachais tráchtála a sholáthraíonn cláir a mbronnann an HETAC bailíocht orthu.

Straitéis: Ardchaighdeán i soláthar agus i bhfeidhmiú oideachasúil a chinntiú agus a chur chun cinn ag gach leibhéal

An Soláthar Múinteoirí

Bunmhúinteoirí

Ba é 1,282 an líon iomlán a tugadh isteach sna Coláistí Oideachais don bhunmhúinteoireacht i 2001. Chuimsigh sé seo suas le 1,000 mac léinn ar an gcúrsa trí bliana d' fho-chéimithe agus 282 mac léinn ar an gcúrsa 18 mí d' iarchéimithe a thosaigh i Feabhra 2001. Tá sé seo i gcomórtas le clárú de 500 i 1996. Ar an iomlán, bhí tuairim is 3,318 mac léinn sna coláistí i 2001.

Bhain beagáinín le cois 1,000 múinteoir bunscoile céim amach i 2001.

Múinteoirí Iarbhunoideachais

Is cúrsa lánaimseartha aonbhliana é an tArdteastas san Oideachas ina bhfaightear an cháilíocht chun teagasc i meánscoileanna. Ní mór cúrsa bunchéime intofa a bheith críochnaithe ag an té ar mian leis/léi fáil isteach sa chúrsa seo. Ní mór do chéim a bheith imleor chun a chur ar chumas an tsealbhóra ábhar amháin nó réimse staidéir amháin atá i Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna a theagasc. Chríochnaigh 943 mac léinn san iomlán an tArdteastas san Oideachas i 2001.

Tá athrú ar an riail a bhaineann le riachtanas na Gaeilge do cheapachán mar mhúinteoiri scoileanna dara leibhéal curtha i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana 1999/00. Faoin athrú seo baineadh amach riachtanas na Gaeilge do mhúinteoirí dara leibhéal i gcoitinne nach bhfuil sé de dhualgas orthu an Ghaeilge a úsáid mar chuid dá ngnáthlá oibre. Beidh sé de dhualgas ar mhúinteoirí Gaeilge, agus ar mhúinteoirí atá fostaithe i scoileanna Gaeltachta, agus i scoileanna eile ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge, a bheith go hiomlán líofa sa Ghaeilge.

Forbairt Inghairme

Tá sé mar chúram ag an Roinn a chinntiú go bhfuil na cláir forbartha agus tacaí inghairme ar aon dul le leasuithe agus forbairt oideachasúil agus go n-éascaíonn siad iad. Tá an raon forbairtí seo a leanas ina gcomharthaí sóirt ar an dul chun cinn sa réimse seo:

- Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile: an raon clár dara leibhéal chun tacú le hathruithe sa churaclam agus le Cláir Phleanála Forbartha do Scoileanna sa chéad agus dara leibhéal.
- Clár Forbartha Ceannasaíochta do scoileanna, ag díriú ar fhorbairt na scileanna a bhaineann le bainistíocht scoileanna.
- Clár píolótach induchtaithe do mhúinteoirí nuacháilithe
- Tuilleadh forleathnaithe agus forbartha ar an nGréasán Ionad Oideachais. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar a ról ag an Roinn Airgeadais freisin.
- Infhaighteacht cóir oiliúnaithe ardchaighdeáin. Éascóidh sé seo tionscnaimh eile agus soláthróidh sé tacaíocht leanúnach chun freastal ar riachtanais shainaitheanta.

Tionscnamh do Phleanáil Forbartha Scoileanna

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo éifeachtúlacht agus ardchaighéan scoileanna a chur chun cinn trí scoileanna a éascú chun a straitéisí féin i gcomhair pleanála forbartha scoileanna a cheapadh agus a fheidhmiú.

Ag an mbunleibhéal, bhí 2,610 scoil páirteach sa tionscnamh seo i 2001. Tá líon na n-éascaitheoirí lánaimseartha a oibríonn leis na scoileanna méadaithe agus tá cabhair i bhfoirm deontas á soláthar do gach scoil atá páirteach sa tionscnamh. I dtaca leis an dara leibhéal bhí cabhair i bhfoirm deontas faighte ag gach scoil faoi 2001. Ba é €2.79 milliún an buiséad i gcomhair an tionscnaimh i 2001.

Tacaíocht do Phríomhoidí ag an Bhunleibhéal

Ó Mheán Fómhair 2000 amach, tá múinteoir breise leithroinnte do gach scoil le foirniú de phríomhoide maille le seachtar múinteoirí príomhshrutha, chun cur ar chumas an phríomhoide a bheith ina phríomhoide riarthach. Ó Mheán Fómhair 2001 bhí gach bunscoil a raibh 180 dalta ar an rolla inti i dteideal príomhoide riaracháin.

Rinneadh feabhsúcháin i scéim an ama scaoilte do phríomhoidí i mbunscoileanna atá níos lú ná seo. Leis an scéim seo is féidir le príomhoidí i scoileanna le 6 múinteoirí nó níos lú scaoileadh lena gcuid dualgas múinteoireachta ar feadh líon áirithe laethanta gach bliain chun dul i mbun feidhmeanna riaracháin, ceannasaíochta agus bainistíochta. Dúblaíodh líon na laethanta ceadaithe i 2001. Deonaítear 12-20 lá ionadaíochta le pá do scoileanna atá páirteach sa scéim anois, ag brath ar mhéid na scoile, chun a chur ar chumas príomhoidí an t-am scaoilte is gá a ghlacadh.

Straitéis: Foirfeacht sa Taighde a Chur Chun Cinn

An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal

I 1998, sheol an Rialtas An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI).

Solathraíonn an clár seo, atá faoi bhainistíocht an Údaráis Ardoideachais thar ceann an Aire Oideachais agus Eolaíochta, tacaíocht imeasctha airgeadais do straitéisí taighde institiúideacha, cláir agus infrastruchtúr. Tá trí thimtriall den chlár déanta go dtí seo.

I mí Iúil 1999, fógraíodh gur bronnadh dámhachtainí de luach €206.3 milliún san iomlán ar 11 Institiúid. Fógraíodh dámhachtainí d'ocht n-institiúid tríú leibhéal de luach €78.7 milliún, i mí Iúil 2000. Ba de luach €320 milliún na dámhachtainí faoi thimthriall 3, a fograíodh i mí na Nollag 2001, a roinnfear ar 23 institiúid bíodh sé mar phríomhchomhpháirtí nó mar chomhpháirtí comhoibrithe.

Taighde san Earnáil Theicneolaíoch

Is gné chroílárnach de chuid mhisean an ardoideachais é an taighde. Tá soláthar de €698 milliún leithdháilte sa Phlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006 i gcomhair Taighde, Fhorbairt Teicneolaíoch agus Nuálachta (RTDI) in earnáil an oideachais. In earnáil na teicneolaíochta, leithdháileadh suim de €38.09 chun inniúlacht taighde na hearnála a chothú agus a neartú trí chur ar chumas institiúidí díriú ar a gcroíláidreachtaí ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal na hinstitiúide aonair araon. Cuimsítear trí shraith san fhobheart seo: €9.8 milliún do chlár Taighde Iarchéime agus Scileanna Forbartha, €12.4 milliún don Chlár Oibre Fiontraíochta agus €15.9 do Chroíthaighde Feabhsaithe Láidreachtaí. Sa bhliain airgeadais 2001, leithdháileadh €6.61 milliún don trí shraith san tionscnamh seo.

Comhairle Taighde na hÉireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht

Bunaíodh Comhairle Taighde na hÉireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht i Meitheamh 2001. Is é an Dr. Tom Mitchell, iarPhropast Choláiste na Trionóide, an Cathaoirleach agus tá 23 comhalta ann a thagann ó institiúidí taighde, ón tionsclaíocht agus ó lucht taighde san eolaíocht sna hinstitiúidí tríú leibhéal. Déanfaidh an Chomhairle nua maoirseacht ar chaitheamh tuairim is €95.23 milliún thar ré an Phlean Náisiúnta Forbartha, chun foirfeacht agus na caighdeáin is airde sa taighde i dtrí dhisciplín leathana na heolaíochta, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta a chur chun cinn. Cuirfidh an Chomhairle tacaíocht ar fáil do thaighdeoirí sna réimsí seo, lena n-áirítear scéimeanna nua feabhsaithe deontas do thaighdeoirí iar-chéime agus iar-dhochtúireachta. Ina theannta sin soláthróidh sí maoiniú i gcomhair tograí taighde. Chomhlánóidh sí Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachta agus na hEolaíochta Sóisialta, atá ann faoi láthair, agus struchtúir eile atá ar bun i láthair na huaire.

Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta

Bunaíodh Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta ar bhonn foirmiúil i mí na Nollag 1999, faoi chathaoirleacht an Ollaimh Eda Sagarra. I 2001, chaith an Chomhairle tuairim is €3.3 milliún. Chuir an chomhairle roinnt scéimeanna nua ar bun, le linn na bliana, chun tacaíocht a thabhairt do iarrachtaí taighde an lucht acadúil. Tá na scéimeanna i gceist oscailte do fhoirne acadúla coláistí tríú leibhéal a mbainfeadh a dtaighde agus a bhforbairt ghairmiúil mar thaighdeoirí tairbhe as tréimhse dianstáidéir agus diantaighde.

Straitéis : Déan Infheistíocht in Infrastruchtúr Oideachasúil

An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna

Bunaíodh an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna agus é mar chuspóir aige eolas a thabhairt a rachadh i bhfeidhm ar chinní náisiúnta polasaí mar gheall ar sholáthar scoileanna ag an chéad agus an dara leibhéal. I measc a chuid tascanna áirítear ceapadh polasaithe i dtaca le soláthar riachtanais scoileanna agus cóiríochta sa chéad agus sa dara leibhéal; critéir agus nósanna imeachta a mholadh maidir le soláthar agus pleanáil scoileanna sa chéad agus sa dara leibhéal, agus mioneolas a sholáthar ar an tuiscint reatha agus réamh-mheasta i dtaca le solathár scoileanna

Chuaigh an coimisiún i mbun taighde ar chónascadh scoileanna d'fhonn cóid dea-chleachtais agus samhlacha oiriúnacha a fhorbairt. Foilsíodh na tuarascálacha Cónascadh Scoileanna Chéad Leibhéal, agus Cónascadh Scoileanna Dara Leibhéal i Meán Fómhair 2001.

Pleanáil agus Soláthar Cóiríochta Oideachais

Riarann an Roinn ceann de na cláir chaipitil is mo sa Stát. Tá ról lárnach ag an Roinn i mbainistíocht chlár ar leith oibre ina mbíonn scoileanna nua, i gcur leis na scoileanna agus na hinstitiúidí tríú leibhéal atá ann faoi láthair, chomh maith le hathchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh atá ann i láthair na huaire.

Foirgnimh Bhunscoile

- Tugadh an tógáil chun críche ar 43 mórthionscadal tógála bunscoile (.i. tionscadail de €317,000 nó níos mó) i 2001.
- Tugadh faomhadh dul i dtreo tógála i gcás 72 mórthionscadal bunscoile i 2001.
- Bhí pleanáil ailtireachta ar 460 mórthionscadal tógála bunscoile ar bun. Ceadaíodh 1386 miondeontas (.i. deontais de €317,000 nó níos lú) i 2001
- Tionscnaíodh an próiseas chun 60 láithreán nua bunscoile a fháil.
- Caitheadh €139.8 milliún san iomlán ar fhoirgnimh bhunscoile i 2001.
- Táthar ag leanúint de chlár leighis aispeiste.
- Táthar ag leanúint de chlár maolaithe radóin.

Foirgnimh Iarbhunscoile.

- Bhí tógáil 17 iarbhunscoil nua ar bun i 2001
- Bhí tógáil 62 tionscadal sínte ar bun
- Bhí tógáil 5 ionad oideachais ar bun
- Cuireadh tús le 31 tionscadal feabhsaithe (le costas de bhreis is €634,869 an ceann).
- Tá 13 láithreán nua á fháil faoi láthair
- Táthar ag leanúint de thuairim is 650 miontionscadal feabhsaithe (le costas níos lú ná €634,869)
- Táthar ag leanúint de chlár leighis aispeiste.
- Táthar ag leanúint de chlár maolaithe radóin.

Foirgnimh Tríú Leibhéal

Soláthraíonn an Roinn maoiniú do chóiríocht nua, athchóiriú, oibreacha infrastruchtúir, mionoibreacha caipitil agus troscán agus trealamh sna coláistí tríú leibhéal.

Earnáil na hInstitiúide Teicneolaíochta

- Críochnaíodh 10 dtionscadal nua cóiríochta, 14 tionscadal athchóirithe agus 17 tionscadal oibreacha infrastruchtúir i measc na n-institiúidí éagsúla Teicneolaíochta
- Tugadh 12 tionscadal troscáin agus trealaimh agus fáil 10 láithreán agus roinnt mionoibreacha caipitil chun críche
- Tosaíodh tógáil i gcás 28 tionscadal, chuaigh 52 tionscadal trí phleanáil ailtireachta, agus tionscnaíodh 21 tionscadal nua i 2001
- I 2001, tionscnaíodh Scéim Tiomnaithe Deontas de luach €10.8 milliún ag an Aonad Tógála Tríú Leibhéal, chun maoiniú a sholáthar do mhionoibreacha caipitil in Institiúidí Teicneolaíochta. Chuir an maoiniú, faoin scéim seo, ar chumas na n-institiúidí tuairim is 180 tionscadal, idir mhiontionscadail chaipitil agus thionscadail athchóirithe agus uasghrádaithe, a thabhairt cun críche le linn 2001.

Earnáil an Udaráis Ardoideachais (HEA) agus Coláistí Tríú Leibhéal Eile.

- Críochnaíodh 4 thionscadal, agus bhí 14 mórthionscadal á dtógáil i 2001. Ina theannta sin, leanadh den pheanáil ailtireachta i gcás 14 tionscadal
- Soláthraíodh maoiniú d'uasghrádú trealaimh
- Soláthraíodh maoiniú de luach €9 milliún, faoin Chlár Athshuite Eilimintí Tógála, a chuir ar chumas Institiúidí faoi choimirce an ÚAO tuairim is 116 tionscadal athchóirithe a mhaoiniú le linn na bliana 2001. Tugadh maoiniú do roinnt oibreacha beaga caipitil i gcoláistí eile freisin. I measc na dtionscadal seo áirítear uasghráduithe sláinte agus sábháilteachta, rochtain uilíoch agus bearta éifeachtachta fuinnimh.

Comhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháideach

Cuireadh tús le tógáil cúig scoil dara leibhéal i mí na Samhna faoin chéad tionscadal Comhphairtíochtaí Poiblí/Príobháideach i réimse an oideachais. I ndiaidh próiseas tairisceana ar fud an AE toghadh Jarvis Projects chun na scoileanna nua i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí; i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin agus sa tSionainn, Co. an Chláir a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, agus a oibriú. Tá na scoileanna seo le bheith críochnaithe i mí na Nollag 2002. Toghadh Jarvis arís i bpróiseas eile tairisceana agus measúnachta mar an tairgeoir ab oiriúnaí i gcomhair Scoil Cheoil Chorcaí.

Tosaíodh ar phleanáil an tionscadail PPP i gcomhair Choláiste Muirí nua, i Rinn an Scídigh, Co. Chorcaí go luath i 2001. Ní mór don tsaoráid seo na riachtanais reachtúla idirnáisiúnta farraigeoireachta nua a chomhlíonadh, agus freastalóidh sí ar riachtanais oiliúna na hInstitiúide Teicneolaíochta i gCorcaigh agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann. Neartóidh an coláiste nua seasamh na hÉireann mar lárionad foirfeachta san oiliúint mhuirí.

Straitéis: Soláthair do theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide mar thacaí foghlama

Tionscnaimh Theicneolaíochtaí Eolais agus Cumarsáide (TE) sna Scoileanna

Sa bhliain 2001, seoladh an clár nua; Bunphlean do Thodhchaí an TE san oideachas. Faoi dheireadh 2003 beidh €108 infheistithe leis an mbunphlean seo. Tógfaidh an infheistíocht seo ar a bhfuil bainte amach go dtí seo ag an Tionscadal TE Scoileanna 2000. Sa chlár seo áirítear:

- Cúnamh deontais chaipitil de €78.72 milliún do scoileanna ag an chéad agus an dara leibhéal
- Tosaíocht do dhaltaí le riachtanais speisialta
- €29.2 milliún do sheirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear oiliúint mhúinteoirí
- Forbairt phleananna scoile TE chun freastal ar riachtanais scoileanna ar leith.

Leithdháileadh an chéad chuid de na deontais, de thuairim is €25 milliún, i mí na Nollag 2001.

Sa bhliain 2001, lean an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht in Oideachas (LNTO) le tacaíocht a thabhairt do scoileanna ag an chéad agus an dara leibhéal ar cheisteanna a bhaineann le TE san oideachas agus le roinnt áirithe eochairthionscnamh atá ag dul ar aghaidh faoi láthair a bhainistí.

Teicneolaíocht san Oideachas Speisialta

Is féidir le forbairtí sa teicneolaíocht cabhrú go mór le forbairt oideachasúil leanaí atá faoi mhíbhuntáiste. Soláthraíodh maoiniú breise de €2.2 milliún chun ceannach trealaimh speisialta do leanaí le riachtanais speisialta a éascú, rud a fhágann gur leithdháileadh €3.9 milliún san iomlán i 2001.

Tosaíodh Clár Chibear-Champais, ag deireadh 2000, chun oideachas agus oiliúint ar-líne a chur ar fáil do dhaltaí le fiobróis chisteach. Leithdháileadh €230,000 don tionscadal seo.

Straitéis: Tabhair tacaíocht don ógra lasmuigh den oideachas foirmiúil

Seirbhís Obair Ógra

Tugann achtú an Achta Um Obair Ógra, 2001, bunús dlíthiúil le riar agus forbairt sholáthar na seirbhíse Obair Ógra. Forálann an tAcht do bhunú Coiste Náisiúnta Comhairlitheach ar Obair Ógra a bhfuil sé de chúram air comhairle a chur ar Airí Oideachais agus Eolaíochta, maidir le gach saincheist a bhaineann le hObair Ógra.

Soláthraíonn an coiste treoir don earnáil Obair Ógra i dtaca le feidhmiú an Achta, lena n-áirítear, Cód Dea-chleachtais um Chosaint Leanaí, agus tograí i gcomhair Phlean Náisiúnta um Fhorbairt Obair Ógra.

Leithdháileadh maoiniú de €23 milliún san iomlán, i 2001, don earnáil Obair Ógra.

Riartar maoiniú na seirbhísí ógra trí roinnt scéimeanna maoinithe, lena n-áirítear:

- An Scéim Deontas don tSeirbhís Óige, a sholáthraíonn maoiniú i gcomhair éirítheacht, chothú, fhás agus fhorbairt na seirbhísí óige le cláir agus fealsúnachtaí ar leith atá dírithe ar oideachas sóisialta an ógra.
- An Scéim Deontas chun Cabhrú le Tionscadail Speisialta don Ógra faoi Mhíbhuntáiste, a chuireann maoiniú ar fáil do thionscadail seachscoile don ógra faoi mhíbhuntáiste.
- Lárionaid Eolais Óige, a thairgeann rochtain éasca don ógra ar eolas maidir le leasa, saincheisteanna sláinte, cearta, deiseanna agus cúrsaí eile.

Rinneadh leithdháileadh breise de €16 milliún do Chiste Shaoráidí agus Sheirbhíse an Ógra. Cabhraíonn an ciste seo le forbairt straitéisí coisctheacha. Tá baint aige le saoráidí don ógra a fhorbairt, lena n-áirítear, saoráidí spóirt agus áineasa, agus seirbhísí sna ceantair faoi mhíbhuntáiste ina bhfuil fadhbanna drugaí faoi láthair nó ina bhféadfaí fadhbanna a bheith ann amach anseo..

Straitéis: Cuir le comhoibriú Thuaidh/Theas

Comhoibriú Thuaidh/Theas

Tá ról tábhachtach ag an Roinn, trí chreatlach na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, (NSMC) i dtaca le comhoibriú agus comhghníomhaíocht a fhorbairt i réimse an oideachais idir an dá chuid d'oileán na hÉireann.

Chomhaontaigh an Chomhairle roinnt comhghníomhaíochtaí i ngach ceann de na heochair-réimsí comhoibríochta seo:

- Soláthar Riachtanais Oideachais Speisialta
- Tearcghnóthú Oideachasúil
- Cáilíochtaí Múinteoirí
- Malartuithe Scoile, Óige agus Múinteoirí

Mar thoradh ar raon pléite le Comhlacht Chláir Speisialta an AE ar fhorbairt bheart atá gaolmhar le hoideachas, faoi Chlár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearais i dTuaisceart na hÉireann agus i Limistéar Teorantach na hÉireann 2000-2004, áiríodh Beart tiomanta sa chlár i gcomhair Chomhoibriú Trasteorann idir Scoileanna agus an Óige. Tá buiséad de €5.3 milliún ag an chlár seo.

Straitéis: Creatlach agus Seirbhís Chaidrimh Thionsclaíoch a Sholáthar

Creatlach agus Seirbhís Chaidrimh Thionsclaíoch a Sholáthar

Oibríonn an tAonad Chaidrimh um Fhoirne Seachtracha creatlach agus seirbhís caidrimh thionsclaíoch ar bhonn náisiúnta chun saincheisteanna a bhaineann le hearnáil an oideachais a bhainistiú.

I dtaca le múinteoirí de, bhí ceist an chaidrimh thionsclaígh achrannach le linn 2001.

D'fhan Cumann na Meánmhúinteoirí Éire (ASTI) lasmuigh den Chlár um Rathúlacht agus Cothroime agus éileamh pá de 30% á lorg acu. Le linn na hidirbheartaíochta ar an éileamh dhiúltaigh an ASTI na téarmaí socraithe a mhol Coiste Eadrána na Múinteoirí agus an Chúirt Oibreachais. Bhí na socruithe pá san earnáil i gcoitinne laistigh de pharaiméadair an Chláir um Rathúlacht agus Cothroime, agus is le linn ghníomhaíocht an ASTI ag tús na bliana, den chuid is mó, a cailleadh laethanta de bharr gníomhaíochta thionsclaí.

Straitéis: Cothaigh Comhpháirtíocht agus Nua-chóiriú in institiúidí oideachais faoi chúram na Roinne

Clár nuachóirithe ar fud earnáil an oideachais

Tá forbairt agus príomhshruthú institiúidí comhpháirtíochta in oideachas ar fud na hearnála á chothú ag an Roinn, agus é mar aidhm aici athruithe eagraíochtúla a éascú agus dáileadh seirbhíse a fheabhsú. Tá cistí curtha ar fáil chun cabhrú le cláir éascaithe agus oiliúna. Caitheadh €477,000 san iomlán ar an gclár seo i 2001.

Straitéis: Cur le comhoibriú idirnáisiúnta san oideachas

Gnóthaí AE/idirnáisiúnta

Oibríonn an Roinn go dlúth le Coiste Oideachais an AE, agus chomh maith leis sin, oibríonn sí le coistí san OECD, i gComhairle na hEorpa agus in UNESCO.

Cuireadh comhairliúchán ar bun, ar fud na hEorpa, maidir le Meamram Choimisiún na Eorpa ar fhoghlaim shaoil. Chomhordaigh an Roinn seo, i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an comhairliúchán náisiúnta agus cuireadh aighneacht chuimsitheach faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Bhí sé seo le sonrú i gcáipéis pholasaí an Choimisiúin 'Making a European Area if Lifelong Learning a Reality', ar eisíodh í i mí na Samhna 2001.

Ba é 2001 Bliain Eorpach na dTeangacha (EYL) freisin. Ba iad príomhchuspóirí EYL :

- Níos mó airde a tharraingt ar shaibhreas na héagsúlachta teangacha taobh istigh den Aontas Eorpach
- Na buntáistí a bhaineann le cumas i roinnt teangacha a chur ina luí ar oiread daoine agus is féidir.

Ar na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl chun é seo a chur ar aghaidh áirítear Seachtain na bhFoghlaimeoirí Aosacha, ó 5-11 Bealtaine 2001. Ceann de na himeachtaí éagsúla ab ea an Bus Cuartaíochta Teangacha, a raibh sé d'aidhm aige daoine a theagasc agus a chur ar an eolas mar gheall ar fhoghlaim teangacha ar bhealach éasca spraoiúil.

Neartaíodh an comhoibriú déthaobhach le tíortha eile i 2001 freisin. Mar thoradh ar raon pléite a tharla níos luaithe, síníodh comhaontuithe leis an Malaeisia, leis an tSín agus le Poblacht na Seice. Táthar ag súil, sa ré seo ina bhfuil an teagmháil dhomhanda ag méadú, go gcabhróidh comhaontuithe mar seo leis an gcóras oideachais Éireannach a chur chun cinn sa domhan i gcoitinne.

Forbairtí Eagrúcháin

Straitéisí le cumas eagrúcháin a bhuanú agus a neartú

Mar chuid den chlár nuachóirithe sa státseirbhís i gcoitinne, lean an Roinn ar aghaidh leis na feabhsuithe ina cumas eagrúcháin trí:

- Struchtúir agus próisis a athchóiriú
- An cleachtas is fearr a fhorbairt i mbainistiú acmhainne daonna
- Tacaíocht a thabhairt do struchtúr comhpháirtíochta
- An chreatlach airgeadais a scagadh
- Creatlach eolais bhainistíochta a fhorbairt
- Seirbhís chúraim chustaiméirí ar ardchaighdeán a chothú, agus nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí an eolais agus na cumarsáide a fheidhmiú

Acmhainní daonna

Leis an raon seirbhísí atá luaite sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm, d'fhostaigh an Roinn breis is 1,200 duine i ngrádanna riaracháin, gairmiúla, teicniúla, agus seirbhíse in ionaid éagsúla ar fud na tíre. Is iad seo a leanas na leibhéil fhoirnithe sna príomhionaid:

Baile Átha Cliath	505
Tulach Mhór	186
Baile Átha Luain	422
Oifigí na Cigireachta	144
Iomlán	1,257

Sa dara leath de 2001, chuir an Roinn tús leis an bpróiseas chun Straitéis Bainistíochta Imeasctha i gcomhair Acmhainní Daonna a fhorbairt. Soiléireoidh an straitéis seo polasaithe na Roinne i raon iomlán na bhfeidhmeanna acmhainní daonna. Cuirfidh prionsabail na coithroime, an ardchaighdeáin, an chomhionannais, agus na héagsúlachta taca faoin straitéis seo.

Bainistíocht agus Forbairt Feidhmiúcháin

Gné thábhachtach den pholasaí Bainistíochta Acmhainní Daonna is ea an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (PMDS) nua a tugadh isteach. Pléifidh sé seo le bainistíocht feidhmiúcháin san obair, agus le riachtanais ghairme agus forbartha na foirne. Is próiseas trí-chéim í an tsamhail PMDS ina bpléitear le pleanáil feidhmiúcháin, le bainistíocht feidhmiúcháin ar bhonn leanúnach, agus le hathbhreithniú bliantúil ar fheidhmiúchán agus forbairt. Tar éis roghnú agus oiliúint na n-oiliúneoirí in Earrach na bliana 2001, sheol an tArd-Rúnaí an PMDS sa Roinn i mí Bealtaine/Meitheamh ag ócáidí ar leith i ngach ceann de thrí phríomhionad na Roinne. Thosaigh oiliúint sa chéad Chéim i Meitheamh agus bhí sé curtha i gcrích ag gach ball faoi mhí na Samhna 2001.

Comhionannais

Tá an Roinn tiomanta do thimpeallacht oibre uilechuimsitheach chothrom a chinntiú dá foireann ar fad. Cuimseoidh an polasaí HRM, atá á fhorbairt ag an Roinn faoi chúram an Choiste Comhpháirtíochta, polasaí comhionannais agus éagsúlachta atá nuachóirithe.

Polasaithe Oiriúnach don Teaghlach

De bhreis ar inteidlíochtaí reachtúla ar nós saoire mháithreachais, saoire uchtála agus saoire thuismíoch, feidhmíonn an Roinn réimse polasaithe atá oiriúnach don teaghlach chun cabhrú leis an bhfoireann a gcuid freagrachtaí oibre agus pearsanta araon a chomhlíonadh, lena n-áirítear an scéim fleisc-am, an scéim oibre am téarma, agus an raon pátrún láithreachta a fhaightear sa scéim roinnt poist. Is é seo a leanas an líon foirne a bhain leas as na scéimeanna éagsúla seo le linn 2000.

Roinnt Poist	119
Sos gairme	47
Am téarma	23
Saoire thuismíoch	64

Oiliúint agus Forbairt

Le linn 2001, soláthraíodh os cionn 5,000 lá oiliúna don fhoireann ag gach leibhéal i réimsí ar nós teicneolaíocht an eolais, oiliúint i sainscileanna, forbairt phearsanta agus forbairt bhainistíochta. Lena chois sin d'áirigh an plean oiliúna seisiúin eolais ar thabhairt isteach an euro, clár nua induchtaithe do bhaill nua den fhoireann agus mórthionscadal chun tacú le tabhairt isteach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, d'fhreastail baill den fhoireann ar chúrsaí agus ar sheimineáir ábharthacha a sholáthair gníomhaireachtaí seachtracha.

Clár um Athrú agus Athchóiriú Struchtúrtha

Mar thoradh ar Thuarascáil Cromien, ar Oibríochtaí, Córais agus Foirniú na Roinne bunaíodh tascfhórsa i 2001, chun moltaí a dhéanamh mar gheall ar chlár athchóirithe a chur i ngníomh. Cheadaigh an Rialtas an clár i Meitheamh 2001. San Fhómhar, thosaigh an Roinn sraith pléite leis na ceardchumainn éagsúla a fheidhmíonn ar son leas na foirne le súil go dtiocfaí ar chomhaontú i dtaca leis na gnéithe seo a leanas den chlár athchóirithe:

- Coimisiún Scrúduithe a bhunú
- Comhairle Riachtanas Speisialta a bhunú
- Gréasán Oifigí Réigiúnacha a bhunú
- Freagracht as na hInstitiúidí Teicneolaíochta a aistriú chuig an Údarás Ardoideachais

Faoi mhí na Nollag 2001, bhí cruinnithe tosaigh tionóilte leis na rannpháirtithe leasmhara go léir. Comhaontaíodh na heochair-réimsí le haghaidh pléite agus idirbheartaiochta i 2002 leis na ceardchumainn ábharthacha.

Le linn don idirbheartaíocht seo a bheith ar siúl thionóil an rialtas sraith cruinnithe eolais chun faisnéis a thabhairt don fhoireann go léir faoi na forbairtí a bhí molta, agus bhog siad ar aghaidh le sraith beart éifeachtachta a ceapadh chun gnáthaimh agus próisis a thabhairt ar aon dul le cleachtais nua-aimseartha riaracháin.

Ar na bearta seo áirítear:

- Dianscrúdú ar ghnáthaimh agus ar phróisis sna limistéir mhóra oibríochta
- Bunú fócasghrúpaí le hionadaíocht ón bhainistíocht, ón fhoireann agus ó na ceardchumainn
- Scrúdú ar na roghanna i dtaca le hathchóiriú rialachán
- Bunú Buanchoistí ag leibhéal na bainistíochta in eochair-réimsí trasfheidhmiúla.

Comhpháirtíocht

Forálann Comhpháirtíocht 2000 do bhunú agus forbairt struchtúir chompháirtíochta i ngach Roinn chun an bhainistíocht, na ceardchumainn agus baill fhoirne de gach leibhéal a chuimsiú. Cuireadh tús foirmiúil le próiseas na comhpháirtíochta sa Roinn i 1999. Cuireadh Coiste Comhpháirtíochta ar bun leis an Ard-Rúnaí mar chathaoirleach, agus bunaíodh trí fhochoiste a chuimsíonn trí réimse thábhachtacha a théann i bhfeidhm ar an obair a dhéanaimid ó lá go lá:

- Oiliúint agus Forbairt – an cineál oiliúna is gá dúinn lenár gcuid oibre a dhéanamh
- Cumarsáid inmheánach – an bealach lenár gcumsaráid inmheánach a fheabhsú agus le coinneáil bord ar bhord le forbairtí níos forleithne
- Pleanáil gnó – an bealach le pleanáil ár gcuid oibre agus éifeachtacht ár gcuid iarrachtaí a fheabhsú

Oibríonn na fochoistí seo faoi stiúradh an Choiste Comhpháirtíochta a dháil orthu an fhreagracht as gnéithe éagsúla den chlár gníomhaíochta i gcomhair nuachóiriú na seirbhíse poiblí a chur chun cinn.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (SAC)

Sa bhliain 2001, d'fhoilsigh an Roinn a Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí 2001-2004. Leagann sé amach tiomantas na Roinne do sheirbhísí ardchaighdeáin a dháileadh ar a cuid custaiméirí agus cliant ag gach leibhéal. Tá sé seo le feiceáil sa Ráiteas straitéise agus tá taca faoi sa phróiseas bainistíochta feidhmiúcháin, ina bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí sainaitheanta mar phríomhchomhartha inniúlachta don fhoireann ar fad.

Leagtar an phríomhbhéim ar fhorbairt an chumais atá againn torthaí ardchaighdeáin a chothú sa choras oideachais le linn dúinn gach gné seirbhíse ar leith a dháileadh ag na leibhéil is airde leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Is cuid lárnach de gach próiseas iad na pleananna SAC, agus aibhsítear an tseirbhís do chustaiméirí ag cruinnithe comhpháirtíochta agus ag gach seisiún oiliúna.

Chomh maith leis sin, tá córas curtha ar bun ag an Roinn chun táscairí feidhmiúcháin a leagan amach do gach rannóg/aonad den Roinn. Mar chuid dá phlean gnó leagfaidh gach rannóg/aonad amach táscairí feidhmiúcháin do na seirbhísí a sholáthraíonn sé.

Tá meastóireacht á déanamh, le fada an lá, ar phríomhréimsí dáilte seirbhíse na Roinne ar nós an phárolla, na bpinsean agus na scrúduithe stáit. Tá spriocanna sainiúla ama agus caighdeáin leagtha amach dóibh agus déantar maoirseacht leanúnach orthu. Leantar dá bhforbairt de réir an chleachais is fearr dá leithéidí de sheirbhísí.

Neartaigh Acmhainní Teicneolaíochta Eolais agus Cumarsáide (ICT)

Tá fíorthábhacht ag baint le seirbhísí ICT chun feidhmeanna na Roinne a chur i ngníomh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Ar na heochairfhobairtí sa réimse seo le linn 2001 áirítear:

- Soláthar infrastruchtúr líonra uasghrádaithe do bhreis is 80% de fhoireann na Roinne. Soláthraíonn an t-infrastruchtúr uasghrádaithe córais fheabhsaithe oifige (r-phost, próiseáil focal srl) agus áirítear an chéad chéim de inlíon leis chun cumarsáid inmheánach agus roinnt an eolais a éascú.
- Córas nua párolla do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, agus córas párolla uasghrádaithe d'fhoireann na Roinne a chur i ngníomh
- Saoráid leictreonach aistrithe cistí don earnáil iarbhunoideachais
- An obair thosaigh ar fhorbairt bhunachair sonraí de chóiríocht scoile a thabhairt chun críche

Cur le r-Rialtas

Ag teacht le Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Fheidhmiú Shochaí an Eolais in Éirinn, d'fhorbair an Roinn Straitéis r-Rialtais uileghabhálach le linn 2001, a chuimsíonn an tréimhse go dtí 2003.

I 2001, thug an Roinn rogha d'iarrthóirí scrúdú an Teastais Shóisearaigh a gcuid torthaí a fháil tríd an idirlíon (ag www.examinations .ie). Is tionscnaimh thábhachtacha seirbhíse do chustaiméirí iad an tseirbhís nua idirlín agus an tseirbhís uathoibríoch teileafóin a tugadh isteach i 2000.

Creatlach Airgeadais

Soláthraíonn an Roinn raon feidhmeanna airgeadais agus seirbhísí tacaíochta a chuireann taca faoi sholáthar seirbhísí oideachais agus a chuireann le tabhairt chun críche chuspóirí na Roinne. Tá freagracht uirthi as raon leathan feidhmeanna a bhaineann le maoiniú earnáil an oideachais, lena n-áirítear:

- Íocaíochtaí le múinteoirí agus le múinteoirí ar pinsean
- Íoc amach íocaíochtaí caipitlíochta le scoileanna ag an bhunleibhéal agus an dara leibhéal
- Deontais éagsúla eile agus íocaíochtaí aonuaire le scoileanna bunleibhéal agus dara leibhéal
- Maoiniú an ÚAO
- Maoiniú na nInstitiúidí Teicneolaíochta
- Maoiniú an chórais scrúduithe sa dara leibhéal

Ina theannta sin, soláthraítear maoiniú i gcomhair raon leathan comhlachtaí agus seirbhísí eile, lena n-áirítear, seirbhísí óige agus ceantarbhunaithe, agus na Coistí Gairmoideachais.

Soláthraítear maoiniú an ardoideachais go díreach tríd an Roinn, é sin nó tríd an Údarás Ardoideachais

Creatlach Bhainistíochta Eolais

Tá áit lárnach ag an Chreatlach Bhainistíochta Eolais (MIF) sna hathchóirithe chun pleananna straitéise agus gnó na Ranna a fheabhsú agus chun forbairt eolais níos fearr i dtaca le feidhmiúchán agus bainistíocht a éascú. Cabhróidh an MIF le córais bhainistíochta sonraí airgeadais agus neamhairgeadais a fheabhsú. Solathróidh sí eolas níos fearr do bhainisteoirí lena gcuid cinní a dhéanamh. I mí na Samhna 2001, cuireadh tús le hobair ar shonraíocht agus roghnú Córais Bhainistíochta Airgeadais don Roinn, a chuimseoidh riachtanais an MIF.

An tAcht um Phrasíocaíocht Cuntas, 1997

Tá an tAcht um Phrasíocaiocht Cuntas á chur i bhfeidhm ag an Roinn ó tháinig sé i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus tá a dualgas reachtúil urscaoilte aici tríd an ús íoctha a íoc agus a thaifeadadh. I 2001, i bhfíorbheagán cásanna atá mionsonraithe thíos, gearradh pionóis úis faoi réir Alt 4 den Acht

Luach iomlán an chaiteachais go léir	€4,657,076,758
Líon iomlán na n-íocaíochtaí déanacha	9
Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha	€29,667
Méid an Úis íoctha	€377

Fócas – An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Cuid de Sholáthar Nua níos Leithne

De bharr na méaduithe i rátaí rannpháirteachais sa dara leibhéal tá éagsúlacht, cumais agus uaillmhianta na ndaltaí inár scoileanna tar éis leathnú go suntasach.

I measc na mbunphrionsabal a chuireann taca faoi na cláir sa tsraith shinsearach ag an dara leibhéal áirítear:

- Rochtain chothrom do chách
- Éagsúlacht sa soláthar agus sa chur chuige chun freastal ar riachtanais dhifriúla na ndaltaí
- Cruthaitheacht, treallús agus inniúlacht na ndaltaí a chothú
- Freagairt do riachtanais fostaíochta agus bhreisoideachais na ndaltaí

Dúshlán mór don chóras oideachais is ea freastal a dhéanamh ar riachtanais éagsúla na ndaltaí go léir. Leis an dúshlán seo a fhreagairt sna nóchaidí chonacthas forleathnú ar sholáthar na sraithe Sinsearaí trí mhalairtí don Ardteistiméireacht bunaithe a fhorbairt.

Ceann de na malairtí seo ab ea an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a tugadh isteach i 1995. Is clár sainiúil glanscartha é a mhaireann ar feadh dhá bhliain agus atá dírithe ar dhaltaí a ullmhú don saol aosach oibre. Tá sé i gceist go gcuimseoidh sé riachtanais daltaí nach ndéantar freastal leordhóthanach orthu sna cláir eile Ardteistiméireachta, nó iad siúd a dhéanann cinneadh gan na cláir sin a roghnú.

San Ardteistiméireacht Fheidhmeach leagtar an bhéim ar chineálacha éirítheachta agus barr feabhais nach bhfuair sainaitheantas san am atá thart san Ardteistiméireacht bhunaithe.

Is éard atá i gceist leis an gclár seo ná sainaitheantas a thabhairt do bhuanna gach dalta aonair, agus misneach a thabhairt dóibh na rudaí a fhoghlaimíonn siad a chur i bhfeidhm sa domhan réadach.

I láthair na huaire tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach á soláthar i 275 scoil nó ionad eile ar fud na tíre.

Forbairt Nuálach

Leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach tháinig cur chuige isteach sa tsraith shinsearach a bhí sainiúil agus nuálach ar roinnt bealaí:

Clár

- Is clár dhá bhliain é atá roinnte ina cheithre bhloc ar a dtugtar seisiúin agus tugtar creidiúint d'éirítheacht an dalta i ngach ceann de na seisiúin seo.
- Ní mór do na daltaí a bhfuil foghlamtha acu a chur i bhfeidhm i dtascanna praiticiúla ar scoil, san áit oibre agus sa phobal i gcoitinne
- Tairgtear cúrsaí sna trí phríomhréimse seo:
  - Ullmhú Gairmeach - lena n-áirítear taithí oibre, fiontraíocht, agus cumarsáid
  - Oideachas ginearálta – lena n-áirítear scileanna beatha, na healaíona, áineas agus teanga
  - Gairmoideachas – déantar staidéar ar dhá chúrsa speisialtóireachta
- Tá na cúrsaí modúlach. Is ionann modúl agus 30 uair oibre, de ghnáth
- Roghnaítear an dá chúrsa speisialtóireachta as na cinn seo a leanas:
  - Talmhaíocht / Gairneoireacht
  - Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht
  - Innealtóireacht
  - Teicneolaíocht
  - Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméara
  - Cúram Leanaí / Cúram Pobail
  - Grafaicí agus Staidéar Foirgníocht
  - Ceirdeanna agus Dearadh
  - Teicneolaíocht Eolais agus Chumarsáide
  - Gruaig agus Maise
  - Staidéir Ghníomhacha Áineasa
- Déantar ceithre mhodúl roghnacha freisin – lena n-áirítear Creideamh agus Eolaíocht. D'fhéadfaí cur leis an raon roghanna amach anseo.

- I réimse na dteangacha, ní mór do na daltaí staidéar a dhéanamh ar chúrsaí sa Bhéarla, sa Chumarsáid, sa Ghaeilge agus i Nuatheanga Eorpach amháin
- Ba nuáil ar leith é an chéad chúrsa Ardteistiméireachta sa Teanga Chomharthach a ceapadh mar rogha sa chlár seo.

Measúnacht

Déantar measúnacht leanúnach ar obair na ndaltaí le linn an dá bhliain den chúrsa. Carnaíonn siad creidiúintí suas go dtí uasmhéid de 200 – faoi thrí cheannteideal:

- Modúil críochnaithe go sásúil – (62 creidiúint). Tuilleann an dalta iad má chuireann sé/sí roinnt eochairthascanna praiticiúla i gcrích ag deireadh gach modúil sa chúrsa. Bronntar iad seo ag deireadh gach seisiúin
- Tascanna an Dalta – (70 creidiúint) Críochnaítear seacht gcinn de na tascanna praiticiúla imeascthacha seo thar an dá bhliain agus déanann scrúdaitheoirí seachtracha atá ceaptha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta iad a mheasúnú, ceann ar cheann.
- Scrúdú Ceann Cúrsa – (68 creidiúint) Déantar é ag deireadh an dá bhliain agus eagraítear é ar aon dul leis na Scrúduithe Teistiméireachta eile.

Tabhairt an Teistiméireachta

Faigheann na daltaí a chríochnaíonn an cúrsa Ardteistiméireacht ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Bronntar an Teistiméireacht ag trí leibhéal:

Leibhéal	% De Dhíth	Creidiúintí De Dhíth
Pas	60-69	120-139
Luaíocht	70-84	140-169
Gradam	85-100	170-200

Bronntar Taifead Taithí, ina bhfuil taifeadadh ar na creidiúintí a carnaíodh go dtí sin, ar na hiarrthóirí a fhaigheann níos lú ná 120 creidiúint nó orthu siúd nach gcríochnaíonn an cúrsa.

Dul Chun Cinn

Is féidir leis na daltaí ar bronnadh an Ardteistiméireacht Fheidhmeach orthu, dul ar aghaidh chuig an raon leathan cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC), an Breisoideachas, na Dámhachtainí Oiliúna agus chuig roinnt clár triú leibhéal sna hInstitiúidí Teicneolaíochta agus tríothu siúd chuig roinnt clár céime. Ní féidir le mic léinn leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach dul isteach sna hOllscoileanna nó sna hInstitiúidí Teicneolaíochta go díreach trí chóras na Lároifige Iontrála (CAO).

Chomh maith leis sin, is féidir le mic léinn, a bhfuil an Ardteistiméireacht Fheidhmeach acu, dul ar aghaidh chuig chláir Phrintíseachta FÁS.

Téann a lán daltaí díreach isteach sa saol oibre.

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach – An tEispéireas

Ar na gnéithe dearfacha den Ardteistiméireacht Fheidhmeach a aibhsíonn céimithe áirítear:

- Tascanna na nDaltaí – a thugann deiseanna dóibh an t-eolas agus na scileanna a fhaigheann siad a chur i bhfeidhm ar bhonn praiticiúil
- Leagann amach modúlach na gcúrsaí
- An córas carnach creidiúnaithe
- Na deiseanna le haghaidh grúpoibre
- Taithí Oibre
- Féin-fhreagracht agus féinmheas méadaithe.



Aguisíní

Reachtaíocht

Foilseacháin

Eagrú na bhFeidhmeanna

Comhlachtaí faoi chúram na Roinne

Teagmhálacha

Oifigí na Roinne / Aonaid / Rannóga

Reachtaíocht

An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta

Ritheadh an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta ag an Oireachtas, agus síníodh ina dhlí é Aibreán 2001. Forálann an tAcht do bhunú Chomhairle Mhúinteoireachta mar údarás reachtúil neamhspleách chun an cleachtas is fearr a chur chun cinn agus a chothabháil i ngairm na múinteoireachta, agus in oideachas agus oiliúint mhúinteoirí.

Is iad na príomhfheidhmeanna a bheidh ag an Chomhairle Mhúinteoireachta ná:

- Cód iompair gairmiúil a bhunú, a fhoilsiú agus a chothabháil
- Clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- Riachtanais oideachais agus oiliúna múinteoirí a chinneadh chun críocha cláraithe mar mhúinteoir
- Cláir oiliúna múinteoirí a athbhreithiú agus a chreidiúnú chun críocha cláraithe
- Induchtú agus promhadh múinteoirí a rialú
- Oideachas leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn agus
- Fiosrúcháin ar fheiliúnacht don mhúinteoireacht a stiúradh agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm más cuí.

Beidh 37 comhalta ar an gComhairle, 22 díobh siúd ina múinteoiri cláraithe. Tiocfaidh an 15 comhalta eile ó choláistí oideachais agus ollscoileanna, eagraíochtaí bainistíochta scoileanna, cumainn náisiúnta thuismitheoirí, an lucht gnó agus na gairmeacha eile.

Tabharfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta roinnt mhaith neamhspleáchais do mhúinteoirí maidir le rialú agus forbairt a ngairme agus, dá bhrí sin, ardófar stádas gairmiúil na múinteoireachta agus caighdeán na múinteoireachta i scoileanna. Táthar i mbun pleanála i gcomhair bhunú na Comhairle sa Roinn faoi láthair.

An tAcht um Obair Ógra, 2001

Cuireann an tAcht um Obair Ógra, 2001 struchtúr nua ar bun chun obair ógra a riar agus a fhorbairt. Forálann sé do mhaoiniú obair ógra agus leathnaíonn sé feidhmeanna na gcoistí gairmoideachais sa réimse seo.

An tAcht Ghairmoideachas (Leasú), 2001

Forálann An tAcht Ghairmoideachas (Leasú), 2001 do struchúir nua agus do nósanna imeachta cuntasachta, bainistíochta agus airgeadais ionas gur féidir le gach coiste gairmoideachais freastal ar riachtanais ghairmoideachais, ar bhealach chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir, sa cheantar a ndéanann sé freastal air. Ina theannta sin, forálann sé d'ionadaíocht, mar cheart, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí ar Choistí Gairmoideachais.

An Bille um Shásamh i leith Institiúidí Cónaithe, 2001

Forálfaidh an An Bille um Shásamh i leith Institiúidí Cónaithe, 2001 do scéim chúitimh do dhaoine a d'fhulaing drochúsáid agus iad ina leanaí, in institiúidí conaithe a raibh feidhmeanna rialaithe ag comhlachtaí poiblí ina leith. Is scéim ex gratia ceal lochta í, ina ndírítear ar ghortú atá i gcomhréir le drochúsáid chun éilimh a dhéanamh bailí, seachas iarraidh ar éilitheoirí fíricí gach líomhain a chruthú.

Foilseacháin

Foilsíonn an Roinn raon leathan bileog eolais agus cáipéisí polasaí. Tá liosta mionsonraithe de na foilseachaín ar fáil saor in aisce ón Aonad Cumarsáide sa Roinn ag 01 8892388. Is é polasaí na Roinne, nuair is indéanta sin, caipéisi a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin, agus is féidir teacht air sin ag Http://www.education.ie

Seo a leanas liosta de na cáipéisí is minicí a iarrtar ar an Roinn. Tá na cáipéisí seo ar fáil ón Aonad Cumarsáide sa Roinn agus/nó ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2, Teil: 01 6476000

Anim	Mionsonrai	Foinse
Ráiteas Straitéise 2001-2004	Straitéis na Roinne ar fheidhmiú an Achta um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997	Aonad Cumarsáide
Tuairisc Ghearr ar an gCóras Oideachais	Forléargas ar an gCóras Oideachais in Éirinn	Aonad Cumarsáide
Plean Gníomhaíochta Ardchaighdeán Seirbhíse don Chustaiméir	Mionsonraí Sheirbhísí na Roinne	Aonad Cumarsáide
Eolaire Uimhreacha Teagmhála	Liosta de Rannóga sa Roinn agus san Earnáil oideachais mar aon le mionsonraí teagmhála	Aonad Cumarsáide
Treoir d'Eolas	Liosta d'fhoilseacháin ón Roinn agus ó Chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne	Aonad Cumarsáide
Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil	Sonraí Staitisticiúla mionsonraithe	Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Tuarascáil Bhliantúil 2000	Forléargas ar an Roinn agus a ngníomhaíochtaí agus mórfhorbairtí i 2000	Aonad Cumarsáide
Curaclam na Bunscoile Foghlaim do Pháiste Treoirlínte do Thuismitheoirí	Treoirlínte do Thuismitheoirí	Aonad Cumarsáide
Liosta Iarbhunscoileanna		Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna	Rialacha agus clár agus siollabais do raon ábhar	Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Siollabais Athbhreithnithe do Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta	Foilsítear siollabais athbhreithnithe ina gceann agus ina gceann de réir ábhair	Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Leabhrán Tacaíochta do Mhic Léinn Tríú Leibhéal	Mionsonraí na gcritéar is infheidhme	Aonad Tacaíochta Mac Léinn agus Aonad Cumarsáide

Eagrú Feidhmeanna



Comhlachtaí Faoi Choimirce na Roinne

An tÚdarás um Ardoideachais
An Tríú hUrlár, Teach Marine, Cúirt Chlann Liam,
Baile Átha Cliath 2,
Teil: (01) 6612748

An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
Árasáin Larkfield, Teach 3,
Glas Naíon,
Baile Átha Cliath 9,
Teil: (01) 7008200

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 6617177

An Chomhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna
26 Cearnóg Mhuinseo
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8556526

An Chomhairle Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
Plaza an Phointe Thoir
Lárionad Gnó an Phointe Thoir
Baile Átha Cliath 3
Teil: (01) 8659500

An Lárionad Náisiúnta do Threoir sa Oideachas
1ú Urlár, 42/43 Sráid na Prúise
Baile Átha Cliath 7
Teil: (01) 8690715

An tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Síceolaíoch
Cúirt Fhreidric
24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8892700

An Coimisiún ar Riachtanais Chóiríochta Scoile
Urlár 1, Bloc 4,
Sráid Talbóid
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8787747

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann
4ú Urlár
6-9 Sráid na Tríonóide
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 6127080

An Coiste Náisiúnta um Leas Oideachasúil
Lárionad Gnó Premier
11-15 Sráid na Teamhrach
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 2409408

Teagmhálacha

Eolaire Uimhreacha Teagmhála

Tá Eolaire mionsonraithe d'Uimhreacha Theagmhálacha sa Roinn, lena n-áirítear roinnt comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus san earnáil oideachais i gcoitinne ar fáil saor in aisce ón Aonad Cumarsáide Teil: (01) 8892388

Diailigh Díreach Isteach (D.D.I.)

Tá seirbhís Diailigh Díreach Isteach suiteáilte in oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath, Baile Átha Luain agus i dTulach Mhór. Seachnaíonn an tseirbhís seo an t-oibritheoir teileafóin agus téann sé díreach isteach go dtí deasc duine aonair nó rannóige.

Eolairí Teileafóin Eircom

Áirítear i gcuid Leathanach Glas Eolairí Teileafóin reatha Eircom liosta cuimsitheach d'Oifigí agus d'Earnálacha na Roinne agus na seirbhísí á bhíonn á soláthar

Láithreán Gréasáin

Is féidir rochtain a fháil ar Láithreán Gréasáin na Roinne ag Http://www.education.ie

Oifigí na Roinne / Aonaid / Rannóga

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8734700

Oifig an Aire, Oideachais agus Eolaíochta
Oifig an Aire Stáit sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Ard-Rúnaí
Rúnaithe Cúnta
Príomhchigire
Stiúrthóiri Beartas Straitéiseach
Cisti Struchtúra
Cumarsáid
Seirbhísi Corparáideacha
Caidreamh Foirne Seachtraí
Saoráil Faisnéise
Ardoideachas (Ollscoileanna)
Ardoideachas (Coláistí)
Iniúchadh Inmheánach
Gnóthaí Idirnáisiunta
Comhoibriú Thuaidh/Theas
Uilechuimsitheacht Shóisialta
Forbairt In-Ghairme
An Chigireacht
Ríaracháin Iar-bhunoideachais
Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach
Institiúidí Cónaitheach Aonad Cúitimh
Statisticí
Gnóthaí Ógra

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Foirgneamh Irish Life
Bloc 1
Sráid na Mainistreach
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8734700

Aonad Airgeadais
Córais TE

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Foirgneamh Irish Life
Bloc 4
Dublin 1
Tel: (01) 8734700

Breisoideachas

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
Teil: (0902) 74621

Ríaracháin Bunoideachas agus Múinteoiri
Rúnaíocht na Comhairle Clárúcháin
Oideachas Speisialta
Pinsin Mhúinteoiri
Scrúduithe
Múinteóirí Iar-bhunoideachais

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Bóthar Phort Laoise
Tulach Mhór
Co. Uíbh Fháilí
Teil: (0506) 21363

Cigireacht
Pleanáil & Tógáil
Riarachán Iar-bhunoideachais
Iompras Scoile
Tacaíocht Mhac Léinn
(Tríú Leibhéal/Iar-Ardteist iméireacht)

Príomhoifigí na Cigireachta

Oifig na Cigireachta
Foirgneamh Irish Life
1A An Meal Theas
Corcaigh
Teil: (021) 4906011

Oifig na Cigireachta
An Mhodhscoil
Ascall Uí Chonaill
Luimneach
Teil: (061) 315966

Oifig na Cigireachta
Urlár 3
Teach Ross
Sráid na gCeannaithe
Gailllimh
Teil: (091) 568922

Oifig na Cigireachta
Promanáid Kempton
Sráid an Droichid
Sligeach
Teil: (071) 43218

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta,
An tAonad Bainistíochta Athraithe,
Sráid Maoilbhríde, BÁC 1.